

biseac



1967 — 1987

cumann forbartha chois fharraige

Cumann Forbartha Chois Fharraige
Céibh an Spidéil 1867-1871
Club Óige Lurgan

Éanlaigh Fiáine
Mo Shaol san Aifric Theas
Pictiúir Suimiúil srl.

luac – scilling

Luach 50p

Más priontáil atá uait...

DÉAN TEAGMHAIL LE:

Clódóirí Lurgan^{Teo.}

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

DEARADH • CLÓCHUR • PRIONTÁIL

LEABHAIR
Books
POSTAEIR
Posters
CLARACHA
Programmes
LEABHAIR SONRASC
Invoice Books

PAIPEIR LITREACHA
Letterheadings
CARTAI GNÓ
Business Cards
CUIRÍ BAINISE
Wedding Invitations
CARTAI AIFRINN
Mortuary Cards

ARDCAIGHDEAN • PRAGHAS REASÚNTA



Nó glaoigh orainn ag:
091-93251 nó 93157

SIOPA AN PHOBAIL

CNOC, INDREABHÁN

OLLMHARGADH V.G.
SEIRBHÍS NUA

Chomh maith le hearraí grosaera,
feoil, bagún, iasc úr & rí.,

GACH RUD AR PHRAGHAS
AN REASÚNACH

Péint Berger 170 dath.

Agent don National Lottery

Fón: (091) 93106 agus 93126

ar fáil arís!

CAS AMHRÁN 1

£2.50 an chóip.

Lacáiste le fáil ach bulc a cheannach
ó na foilsitheoirí.

AR FÁIL FREISIN

Raidió na Gaeltachta Stair an raidió le
Risteard Ó Glaisne. 484 lch. £10 crua, £7.50
bog.

Cloch an Fhaoileáin Filíocht/Amhráin le Dara
Beag Ó Fatharta. 40 lch. £3.

Dánta Fhilí Bhaile na mBroghach Seosamh
Ó Donnchadha. 136 lch. £3.

An Fête agus Scéalta eile Gearrscéalta le
Beairtle Ó Conaire. 83 lch. £2.

Seilg i Measc na nAlp Micheál Breathnach. 72
lch. £1.50.

Cad a deir tú leis na hAlbanaigh. Risteard Ó
Glaisne. 201 lch. £3.

**Conradh na Gaeilge agus an tOideachas
Aosach.** Seán Mac Mathúna/Risteard Mac
Gabhann. 155 lch. £3 crua, £2 bog.

Sealbhú Teanga agus Múineadh na Gaeilge.
Diarmuid Ó Donnchadha. 51 lch. £1.50.

**Scríobh chuig Clódóirí Lurgan nó Cló Iar-
Chonnachta.**



Cumann Forbartha Chois Fharraige

I 1966, ní raibh aon mhonarcha ag Gaeltarra Éireann ó abhainn an Spidéil go dtí abhainn Chruimlinn. Ní raibh aon phiopaí uisce ag dul le bóthar. Ní raibh mórán turasóirí ag fanacht ar lóistín san áit, cé is móite de Choiste na bPáistí, agus gasúir na mBráithre. Bhí líon na ngasúr sa Scoil Náisiúnta ag ísliú. Ba chaol sheans go bhfaighfeadh an duine a fuair deis oideachas tríú leibhéal a fháil, obair ina cheantar féin. B'í an imirce a bhí ag briseadh croí aithreacha agus máithreacha a bhí tar éis clann mhór a thógáil.

Easpa saothrú ag baile a dhíbir na mílte d'aos na háite go Sasana agus go Meiriceá agus a d'fhág an dream a d'fhan ina ndiaidh na mbaile ar bheagán muiníne i gceantar nach raibh in ann a mhuintir féin a choinneáil ag imeacht. Is cinnte go raibh ochtar as gach uile dheichniúr as obair sa bparóiste seo bliain agus fiche ó shin.

Ar an Domhnach an 6ú Márta, 1966 d'fhógair sagart na háite ag an am, an Ath. Seán de Bláca, go raibh cruinniú le coiste paróiste a bhunú an tráthnóna sin. Sa séipéal a tionóladh an cruinniú sin mar nach raibh aon áit eile feiliúnach sa phobal ag an am. Ar na daoine a tháinig ag an gcéad chruinniú sin, bhí múinteoir amháin, beirt de lucht gnó na háite, roinnt daoine a bhí páirteach i bhforás litríochta agus i bhforás spóirt sa bparóiste ins na tríochaidí agus ins na ceathrachaidí agus roinnt mhaith de dhaoine óga a bhí sásta rud ar bith a dhéanamh le cogadh a chur ar an mbochtanas, ar imirce agus ar dhí-fhostaíocht. Toghadh coiste as an méid a bhí i láthair an oíche sin agus socraíodh gur ar an gCéadaoin dár gcionn a thiofadh an coiste le chéile i seomra a bhí gan úsáid i Sean-scoil an Chnoic. Ag an gcéad chruinniú coiste sin, rinneadh amach liosta de na rudaí ba ghéire a bhí ag teastáil sa bparóiste. Orthu sin bhí:—

1. Forbairt na turasóireachta.
2. Céibh nó slip ar an Lochán Beag.
3. Bóthar na reilige a dheasú agus a leathnú.
4. Scoil Náisiúnta nua a thógáil.
5. An séipéal a dheasú agus carr-chlós a dhéanamh in aice leis.

6. Obair gheimhridh a chur ar fáil do mhuintir na háite.
7. Córas uisce poiblí a chur ar fáil.
8. Iascaireacht farraige agus locha a fhorbairt.
9. Monarcha a thógáil san áit.
10. Páirc pheile agus pionúr liathróid láimhe a dhéanamh.
11. Crainnte a chur ar thalamh sléibhe.
12. Eolas a thabhairt do fheirmeoirí ar scéimeanna feabhaithe talún agus iarracht a dhéanamh na scéimeanna sin a fheabhsú.
13. Scoláireachtaí Gaeltachta Náisiúnta a fháil bunaithe.
14. Portaigh a fháil do mhuintir na háite.
15. Soilse poiblí.
16. Teora luais.
17. Leabharlann.

Seo iad na daoine a bhí ar an gcéad choiste de Chumann Forbartha Chois Fharraige i 1966.

An tAth. Seán de Bláca, Uachtarán.

Seán Ó Mainnín, Cathaoirleach.

Pádraic Mac an Rí, Leas-Chathaoirleach.

Peadar Mac an Iomaire, Rúnaí.

Seán Tuohy, Cisteoir, R.I.P.

Seán Ó Tuairisg, Oifigeach Caidrimh Poiblí.

Baill Coiste:

Tomás Ó Maoileoin, Cor na Rón.

Pádraic Chóil Ó Fátharta, An Teach Mór, R.I.P.

Pádraic Ó Coistealbha, An Lochán Beag, R.I.P.

Micheál Ó Ceannabháin, Na hAille.

Máirtín Ó Curraidhín, Na hAille.

Seán Ó Srutháin, An Chathair.

Colm Ó Céidigh, Sailethúna

Tadhg Ó Curraidhín, An Cnocán Glas.

Cruinniú is fiche a bhí ag an gcéad choiste den Chumann Forbartha ó mhí na Márta go mí na Nollag i 1966. Tháinig Pádraig Ó Durcáin ag cruinniú den choiste ar an 14ú Aibreán, 1966 agus ba de thoradh an chruinnithe sin a rinneadh an slip ar an Lochán Beag. Thug Coimisiún na Talún áit páirc imeartha don Chumann Forbartha trasna ón nGairm Scoil. Nuair a tugadh saineolaithe ag breathnú ar áit na páirce seo, fritheadh amach nach raibh an áit feiliúnach le haghaidh páirc imeartha agus chomh maith le sin faoi seo bhí áit páirc imeartha geallta ar thalamh an tsagairt ag Ard-Easpag Thuama an Dr. Breathnach don



Forbairt i gceantar an Chumann Forbartha.

Chumann Forbartha. Socraíodh ansin an suíomh ag an nGairm Scoil a thabhairt do Ghaeltarra Éireann le monarcha a thógáil ann. Bhí muid sásta an talamh sin a thabhairt in aisce do Ghaeltarra Éireann, ach thairg siad £3,000 a thabhairt dúinn air. Is ar an suíomh sin a tógadh monarcha Hydro Marine agus is ann atá a gceannáras ag Comharchumann Shailearna anois. Thug an Cumann Forbartha an t-airgead a fuair siad ar an suíomh seo do choiste na páirce imeartha nuair a tosaíodh ag obair ar an bpáirc.

B'iomaí rud a bhuail Cumann Forbartha Chois Fharraige futhú sna chéad bhlianta. Chuireadh an Cumann oícheanta ceoil, filíochta agus seanchais ar fáil sa Sean Scoil. Léiríodh drámaí inti freisin. Réitíodh seomra amháin le bheith ina ionad sóisialta don áit, agus d'imríte cátaí ann oícheanta áirithe den tseachtain. Is ann freisin a bhíodh cruinnithe an Chumainn gur dúnadh an tSean Scoil timpeall cúig bhliana déag ó shin.

Ar an 2ú Deireadh Fómhair, 1966, thug an Cumann Forbartha oll-chruinniú le chéile do mhuintir an pharóiste le míniú a thabhairt dóibh ar a raibh déanta ag an gCumann agus freisin le liosta a fháil ón bpobal ar a raibh le déanamh fós. Is ag an gcrúinniú poiblí sin a socraíodh go n-athbhunófaí Cumann Peile Mhíchíl Bhreathnaigh, agus rinneadh sin ar an 5ú Deireadh Fómhair, 1966.

Ar an 9ú Márta, 1967 bunaíodh Cumann Drámaíochta Mhíchíl Bhreathnaigh agus léirigh an Cumann sin drámaí ar an gCnoc agus in áiteanna éagsúla eile ar fud Chonamara. Chuir an Cumann Forbartha isteach ar chomórtas Ghlór na nGael i 1967, agus fógraíodh go raibh an dara duais buaite ar an 18ú Deireadh Fómhair an bhliain sin. Is beag bliain ó shin nach bhfuair an pobal seo duais éigin i gcomórtas Ghlór na nGael. I mí Aibreáin, 1967 bunaíodh fo-choiste tionsclaíochta ar a raibh Seán Ó Mainnín, Seán Tuohy, R.I.P., an tAth. Seán de Bláca, Pádraic Mac an Rí agus Peadar Mac an Iomaire. I mí Meithimh, 1967 moladh leacht a thógáil in ómós na ndaoine a mharaigh an mine ar an Lochán Beag i 1917. Bhailigh gaoilta na ndaoine sin an t-airgead leis an leacht a thógáil ar láthair na tubaiste, agus cuimhneachán in omós na marbh a bheith sa séipéal freisin.

Is measúnú a dhéantaí ar theacht isteach chuile

dhuine a bhíodh ag fáil an dole i 1966. Mhol an Cumann Forbartha go gcuirfí deireadh leis an gcóras sin mar go raibh sé ag marú an spiorad a bhí in daoine dul chun cinn a dhéanamh. Níor tháinig aon athrú ar an gcóras sin go ceann trí nó ceathair de bhlianta ina dhiaidh sin. Tháinig foireann forbartha an Chontae ag cruinniú leis an gCumann Forbartha sa tSean Scoil ar an 2ú Nollaig, 1968. Caitheadh dhá bhliain ag brú ar Chomhairle Contae na Gaillimhe córas uisce poiblí a chur ar fáil i gceantar Chois Fharraige. Ag cruinniú ar an 23ú Nollaig, 1968 socraíodh coiste Grúp Scoim Uisce a bhunú. Ar an 5ú Nollaig, 1970 mhol an Cumann Forbartha go mbunófaí Comhar Creidmheasa san áit. Thart ar an am céanna bhíodhas ag bunú Comharchumann Chois Fharraige. B'iontach an dul chun cinn a rinne Comharchumann Chois Fharraige, ní hé amháin do pharóiste an Chnoic, ach don cheantar uilig ó Bhearna go Ros a' Mhíl. Chuir an Comharchumann sin córas uisce reatha ar fáil i gcuid de cheantar an Spidéil, agus ins an gceantar uilig ó abhainn an Spidéil siar chomh fada le Ros a' Mhíl. Ina theannta sin, cuireadh scoláirí ar fáil i dtithe lóistín san áit, agus cuireadh jabanna ar fáil do leathchéad duine. D'fhoilsigh an Cumann Forbartha iris ar a tugadh 'Biseach' i 1967 agus arís i 1968 agus go rí mhinic ó shin.

Bhí sean scoil an Chnoic go dona san am ar bunaíodh an Cumann Forbartha. Thug an Cumann ceannródaíocht le tuismitheoirí a eagrú le brú a chur ar an Roinn Oideachais scoil nua a chur ar fáil. I dtús na seachtóidí a tógadh an scoil nua sin. Is comhartha ar an bhfás agus ar an bhforbairt atá tagtha ar pharóiste an Chnoic go bhfuil méadú mór ag teastáil a dhéanamh ar an scoil sin anois le freastal ar riachtanais oideachais agus aclaíochta na ngasúr atá agus a bheas ag freastal orthu. Cé gur éirigh leis an gCumann Forbartha roinnt mhaith rudaí a chur i gcrích ins na chéad cúpla bliain taréis a bhunaithe ní raibh baill an chumainn sásta lena ndul chun cinn. Bhíodar fíor mhí-shásta le Comhairle Contae na Gaillimhe, agus le Ranna Stáit agus le Gaeltarra Éireann as a laghad a bhí siad siúd a dhéanamh ar son cheantar an Chumainn. Bhí an Cumann seo i measc coistí eile i gConamara páirteach i mbunú Eagrais na Gaeltachta.

Ba i Scoil Náisiúnta Rath Cairn a bunaíodh Eagras na Gaeltachta. Ba ghearr gur facthas don Chumann Forbartha nach raibh Eagras na Gaeltachta in ann fiú amháin an oiread a dhéanamh agus a bhí an Cumann Forbartha a dhéanamh ar son pobal na Gaeltachta. B'é sin a spreag óige an pharóiste seo agus daoine óga i gceantair eile le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta a bhunú i mí na Márta 1969. Chuir Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta dúiseacht ar lucht cumhachta agus lucht údaráis sa tír seo nach ndéanfadh an Cumann Forbartha féin go deo. Bhí de dhualgas ar choistí mar an Cumann Forbartha grúpaí éagsúla a thabhairt leo le linn dóibh a bheith i mbun forbartha. Daoine óga nach raibh aon ghreim mhór ag an saol orthu a bhí i mbun Chearta Sibhialta. Is féidir a rá gur daoine a rinne printíseacht sa gCumann Forbartha a chuidigh le bunú agus neartú na gluaiseachta ins na chéad trí nó ceathair de bhlianta dá ré. D'iarr Gluaiseacht Chearta Sibhialta rudaí speisialta go dúshlánach, mar atá Údarás láidir Gaeltachta, Raidió na Gaeltachta agus postanna sa bhaile do phobal na Gaeltachta. Cé gur thit an Ghluaiseacht ó chéile taréis roinnt bhlianta, d'fhan fealsúnacht na hEagraíochta ag snámh i gcoistí pobail, i gcomharchumainn agus i gComhchoiste Ghaeltachta Chonamara ar feadh na mblianta, agus ní hé amháin sin, ach thosaigh aidhmeanna na gluaiseachta ag snámh isteach i gclár toghchánaíochta páirtithe polaitíochta seanbhunaithe. D'fhéadfaí a rá go dtáinig aidhmeanna Chumann Forbartha Chois Fharraige chun soiléireachta in aidhmeanna Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

Ins na seascadaí, bhí an Cumann Forbartha ag iarraidh fostaíocht agus forbairt a chur ar fáil i gceantar séipéil an Chnoic. Ins na seachtóidí, bhí an Cumann sin mar eagraíocht a bhí ag cur smaointe chun cinn sa bpobal agus ag tabhairt deis do choistí eile na smaointe sin a chur chun cinn. Ba coistí iad na coistí eile sin a bhí taréis fás go díreach nó go hindíreach as obair trí nó ceathair de bhlianta ag an gCumann Forbartha féin. Rinne coiste na páirce peile ar an gCnoc obair éachtach agus bhailigh siad an t-uafás airgid leis an bpáirc pheile agus leis an bpionúr liathróid láimhe a dhéanamh. Bhí an Cumann Forbartha ar fáil i

gcónaí i ngéarchéim le cuidiú le coistí agus le grúpaí éagsúla sa phobal. I 1973, nuair a bhí Comharchumann Chois Fharraige i bhfíor dheacracht airgid, bhí baill an Chumann Forbartha sásta a dhul timpeall agus scaireanna a bhailiú agus obair dheonach a eagrú ar an ngrúp scéim uisce go dtí go dtiocfadh deontais ón Roinn Comhshaoil. B'é Cumann Forbartha Chois Fharraige a thug cuireadh do choistí pobail Chonamara ar fad a theabht le chéile ar an gCeathrú Rua áit ar bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara. Bunaíodh an Coiste sin mar réiteach d'Údarás Gaeltachta bunaithe ar choistí pobail tofa. B'é an Comhchoiste sin ar mholadh ón gCumann Forbartha a mhol go mbeadh comórtas idir na pobail ann. Tháinig Eithne Viney chun cainte leis an gComhchoiste ag an am céanna a raibh sí ag caint leis an Údarás faoi smaoineamh an chomórtais forbartha pobail. Cé go raibh an Cumann Forbartha go mór chun tosaigh ag moladh agus ag cuidiú le bunú an Chomórtais Forbartha pobail ag Gaeltarra Éireann, ní dóigh linn go bhfuair muid cothrom na féinne ariamh sa chomórtas sin mar de réir an chóras moltóireachta a bhí leagtha amach, d'fhéadfadh ceantar ar fhíor bheagán Gaeilge duaiseanna an chomórtais a fháil agus fuair.

Nuair a d'éirigh Comharchumann Chois Fharraige as trádáil i 1983, bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh an dóchas a bhí i measc coistí sa phobal le blianta ag titim as a chéile. Ag cruinniú den Chumann Forbartha ag deireadh mhí Eanáir, 1984, moladh go mbunófaí Comharchumann nua, agus mar a bhualfaí do dhá bhos faoi chéile, bhí seacht gcéad scairshealbhoir tar éis geallúint a thabhairt go raibh siad sásta £70,000 a chur ar fáil mar scair chaipiteal don Chomharchumann nua. B'é aidhm an Chumann Forbartha a bunaíodh bliain is fiche ó shin forbairt pobail a chur chun cinn trí an oiread daoine agus is féidir ar an oiread coistí agus is féidir a bheith ag obair ar mhaithe le leas an cheantair. Tá an-mholadh ag dul do Roinn na Gaeltachta as an mbealach atá acu le díogras a chruthú agus a chothú i measc pobail agus coistí trí thabhairt le tuiscint dóibh gur as na hiarratas agus as na hiarrachtaí a dhéanann na coistí agus na pobail atá airgead le fáil ón Roinn. Téann oifigigh Roinn na Gaeltachta as an mbealach le féin-

mhuinín a thabhairt do choistí mar Chumann Forbartha Chois Fharraige mar tuigeann siad go bhfuil féin-chabhair mar eochair d'fhorbairt an phobail.

Cáinte an Cumann Forbartha go minic de bharr a laghad poiblíochta agus a iarrann siad agus dá bharr sin a fhaigheann siad dóibh féin agus don obair a bhíonn ar siúl acu. Níor shantaigh an Cumann Forbartha ariamh poiblíocht ar chúis mhaith amháin. Chreid an Cumann go n-oibríonn an phoiblíocht ar an nglóir aonair agus gurb í an ghlóir aonair sin a mharaíonn an fonn a bhíonn ar dhaoine a bheith ag comhoibriú le chéile ar mhaithe le leas a bpobal.

I mí Márta, 1987, beidh bliain is fiche caite ag an gCumann seo ag obair ar son leasa pharóiste an Chnoic. Ins na blianta sin, chonaic an pobal seo athruithe móra. Tá go leor daoine a chuidigh leis an gCumann agus cuid acu a d'oibrigh go crua ar an gCoiste imithe ar shlí na fírinne. Is críonna an té a

déarfadh cén chaoi a mbeidh paróiste an Chnoic bliain agus fiche ó inniu. Chuidigh dóchas, fí, fadbhreathnaíocht agus foighid leis an bpobal seo agus leis an gcoiste sna blianta atá caite. Sé ár ndóchas go dtiocfadh ceanndaithe óga chun cinn ins an am atá romhainn a choinneos paróiste an Chnoic ina áit a mbeidh saothrú le fáil ann agus compóirt agus sólás le maireachtáil ann, agus thar aon rud eile go mbeidh sé fós ina Ghaeltacht chomh láidir agus a bhí an lá ar bunaíodh an Cumann Forbartha. Má éiríonn linn sin a dhéanamh beidh muid mar phobal, inár sampla do pharóistí eile ar fud na tíre.

**Peadar Mac an Iomaire,
Cathaoirelach,
Cumann Forbartha Chois Fharraige.**

Seán Ó Máirtín Teo.

**Obair Adhmaid/General Joinery
Staighrí/Stairs
Fuinneoga/Windows
Doirse/Doors**

**Cré Dhubh, An Spidéal.
Fón 83298**

Deanann muid fuinneoga, doirse, staighrí de réir ordaithe.
Tugann muid seirbhís feistiú iomlán agus tá muid cláraithe le
haghaidh obair ceadaithe deontais.



Céibh an Spidéil 1867-1871

Bhí earrach na bliana go dona. Fuair 2,000 beithíoch bás i gConamara in earrach na bliana sin agus bhí gorta ag bagairt arís. Mar ba ghnáthach i gcásanna dá leithéid sin moladh oibreacha poiblí a chur ar bun sa gcaoi go mbeadh saothrú ag na daoine a chuirfeadh ar a gcumas beatha a cheannach agus an cíos a íoc.

Bhí sé molta go minic cheana céibh a thógáil i gCois Fharraige. Céibh dídin a bhí i gceist agus is iad iascairí Chladach Mhuire i nGaillimh is mó a bheadh dá húsáid mar dá mbéarfadh stoirm orthu ar an bhfarraige ní raibh aon chéibh acu go bhféadfadh siad dul ar an bhfascadh ann.

Sa bhliain 1865 chuir sagart paróiste an Chnoic, Pádraig Ó Liatháin (Canon Lyons níos deireanaí ina shaol) litir chuig an Rialtas ag iarraidh go dtógfaí céibh. Bhí an litir sínithe ag go leor iascairí ó Chois Fharraige. Ar ndóigh is ag an Aill Fhinn i mbaile fearainn an Chnoic a bhí an chéibh le tógáil. Ach má bhí chuile dhuine ag súil gur ar an gCnoc a thógfaí an chéibh níor cuireadh san áireamh go raibh fear sa Spidéal a raibh focal sa chúirt aige — ba é sin Mícheál Muiréis a bhí ina dhiaidh sin ina Thiarna Chill Ainnín. Bhí an Muiréiseach ina theachta parlaiminte do Chontae na Gaillimhe sna blianta 1865 go 1867 agus bhí aithne mhaith air sa Rialtas. I mí na Bealtaine 1867 bhí Seisiúin in Uachtar Ard; ceadáíodh deontas £6,000 le haghaidh na céibhe a chosnódh £8,000. As an £2,000 eile d'íoc an Muiréiseach £300 as a phóca féin. Bheadh an £1,700 eile le n-íoc ar ais ag Barúntacht Mhaigh Cuilinn. Ba ghearr go raibh bóthar á dhéanamh chuig an áit a raibh an chéibh le déanamh. Ach ní ró-shásta a bhí tiarna talún Shailearna, an Coimíneach, leis an socrú sin — bhí sé siúd cinnte de gur thiar a thógfaí an chéibh agus gur ag a chuid tionóntaithe féin a bheadh saothrú le fáil. I ndeireadh mhí na Bealtaine 1867 bhí litir sa pháipéar nuachta a bhíodh á fhoilsiú i nGaillimh ag an am, an *Galway Vindicator*. B'fhiú

an litir sin a thabhairt ina hiomláine (aistriú ón mBéarla):

D'Eagarthóir an Vindicator

30 Bealtaine 1867

A dhuine uasail,

Ar mhiste leat dearmad a rinne tú a cheartú maidir leis an chéibh atá Bord na nOibreacha le tógáil ag an Spidéal. Chuir chuile pharóiste fan an chósta ó Ghaillimh go Clochán (ach amháin an Spidéal) agus Oileán Árann litreacha chuig an mBord ag impí orthu céibh dídin a thógáil ag áit a dtugtar an Aill Fhinn air, thart ar trí mhíle siar ón Spidéal. Mar gheall ar an gcaoi a bhfuil an talamh san áit sin is minic a d'úsáid siad é le dul ar ancaire ann agus is san áit sin amháin a bheadh céibh feiliúnach.

In ionad céibh a iarraidh ag an Spidéal sé'n chaoi ar cháin siad an áit mar ionad a bheadh feiliúnach do chéibh. Is féidir liom a rá go bhfuil an Captaen Bedford, Mr. Barry, an Coimisinéir Iascaigh agus chuile dhuine eile a scrúdaíonn an dá áit ar aon intinn. Deineadh an Spidéal a roghnú ar chúis eile.

Is mise do sheirbhíseach dílis,

C.

Ní bheadh duine i bhfad ón marc dá n-abródh sé go seasann an litir C don Choimíneach, tiarna talún dhúiche Shailearna. Ach in ainneoin iarrachtaí an Choimínigh, leanadh leis an obair ar an chéibh sa Spidéal. Bhí beagnach trí chéad fear fostaithe ag déanamh an bhóthair chuig ionad na céibhe agus áthas an domhain orthu pá seachtaine a fháil. Ag cruinniú eile a bhí i dteach na cúirte sa Spidéal ar an dara lá de mhí Iúil 1867 rinne an Coimíneach agus an tAth. Ó Liatháin, sagart paróiste an Chnoic, iarracht eile go dtógfaí an

chéibh ag an Aill Fhinn ar an gCnoc ach bhí tromlach ina n-aghaidh agus glacadh leis an Spidéal. Bhí chuile shórt ina cheart anois ó thaobh an Spidéil de. Nuair a thug an Muiréiseach cuairt ar na fir a bhí ag déanamh an bhóthair chuig an gcéibh cuireadh an-fháilte roimhe. Bhí tine chnámh i lár an tsráidbhaile an oíche sin agus solas i chuile theach sa Spidéal.

Bhíodh an obair thógála ar siúl óna sé a chlog ar maidin go dtí an sé tráthnóna. Innealtóir darbh ainm James Forsyth a bhí mar chléireach oibre ar phá seacht scilleacha sa ló, sé lá na seachtaine. Martin Ducie a bhí ina mhaor ama ar phá leathchoróin sa ló. Fear as Árann, Tomás Ganly, a bhí ina mhaor ar na saoir chloiche agus sé scilleacha sa lá dó. Tugadh na huirlisí as Luimneach ar charrannaí capaill agus tháinig craein mhór as Albain leis na clocha a chrochadh. Tógadh stór mór le haghaidh na huirlisí a stóráil agus le caoi a chur ar uirlisí ann. Tógadh foirgneamh faoi leith ina gcoinneofaí an púdar bleaisleála mar nach raibh na póilíní sásta é choinneáil sa mbeairic. Leagadh síos ráillí traenach ón gcoiréal a bhí ag ceann an bhóthair

síos chomh fada leis an gcéibh. Bhí vaigíní ag ritheacht ar na ráillí sin agus capaill á dtarraingt. Ceannaíodh dhá chapall ar £15 an ceann. Céad fear a bhí in ainm is a bheith ag obair ar an gcéibh. Ceithre boinn sa ló a bhí dóibh (toistíon a bhí i chuile bhon) — is ionann sin agus ocht scilleacha sa tseachtain. Bhí éileamh chomh mór sin ar obair gur thóg Forsyth níos mó ná céad fear agus tugadh ordú dó scaoileadh leis an méid breise a bhí ag obair aige.

Níor mhór tagairt a dhéanamh anseo d'eachtra eile a tharla agus gur bheag nár chuir sé an obair ar an gcéibh in aer. Nuair a cuireadh tús leis an obair is iad tionóntaithe an Mhuiréisigh agus an dream thart ar an Spidéal is mó a fuair saothrú ar an gcéibh. Ach bhí go leor eile de thionóntaithe an Choimínigh i ndúiche Shailearna a chuaigh ag iarraidh oibre agus diúltaíodh iad. Siar leo chuig an Athair Ó Liatháin, sagart paróiste an Chnoic, agus chuir siad a gcás os a chomhair. Sén chomhairle a chuir sé orthu a dhul ag obair ar an gcéibh — rud a rinne siad. Thíos in aice an uisce a bhíodh siad ag obair agus is gearr gur baisteadh '*Gang na nPortán*' orthu. Ag deireadh na seachtaine nuair a bhí na fir



RENMORE, GALWAY. TELEPHONE: (091) 51245

Wholesale and Retail Milk Vendors
Butter, Cream, Cheese, Fresh Farm Eggs etc.




Cuid do bhuaiteoirí an Chomórtas Filíochta idir scoileanna an cheantair.

Nóta don dialann **Mórhionól '87**

2/3 Deireadh Fomhair

Óstán Shelbourne,
Baile Átha Cliath

Tuilleadh eolais: 01/763222 nó 761336



Bord na Gaeilge

ag fáil a bpá tháinig *Gang* na bPortán ag iarraidh a bpá ach pingin rua ní bhfuair siad. Siar leo arís chuig an Athair Ó Liatháin. Scríobh sé sin litir chuig an Rialtas i mBaile Átha Cliath ag iarraidh go n-íocfaí na fir. Fuair sé litir ghéar ar ais ón Rialtas ag rá leis a ladar a choinneáil amach as an scéal nó go stopfaí an obair uilig. Drochsheans go bhfuair *Gang* na bPortán pingin rua riamh!

Nuair a bhíonn scata fear le chéile is minic iad ag cur geallta le chéile féachaint cén fear a dhéanfadh seo agus siúd. Comórtas amháin a bhíodh acu ná léimt ón chéad vaigín cloch go dtí an tríú ceann. Comórtas eile a bhíodh acu ná an barra láimhe ceathrair a iompar agus ualach cloch air. Bheadh beirt chun tosaigh agus bheadh ar an bhfear láidir é a iompar leis féin chun deiridh. Deirtear nach raibh ach beirt a bhí in ann aige — Flanagan as Gaillimh agus Tom Éamainn — Ó Céide as Sailethúna. Cleas eile a bhíodh acu, an gró mór trom ar a dtugtaí an *ringer* a chaitheamh amach den chéibh san uisce. Bhí Patch Breathnach as an gCathair in ann snámh chomh fada leis agus é a iompar ar ais.

Leanann an bás féin obair mhór den sórt seo. I measc na ndaoine a gortaíodh bhí Tadhg Ó Flatharta, Seán Ó Flatharta, Maitiú Ó Tuathail, Eoin Ó Neachtain agus Séamus Ó Coincheanainn. Ach ní mba thada é sin i gcomparáid leis an rud a

tharla do bhuachaill óg 22 bhliain d'aois darb ainm Frank Nally ar an 24ú lá de Lúnasa 1868. Sén chaoi a mbíodh sé ag scaoileadh na gcapall ó na vaigíní ar na ráillí. Sciort sé agus chuaigh vaigín lán de chlocha thar a mhuineál agus a lámha. In ainneoin go raibh an dochtúir Liam Ó Conchubhair as an Spidéal i láthair gan mhoill fuair an créatúr bás an tráthnóna sin. Ní raibh ag a thuismitheoirí ach é. Íocadh £5 mar chúiteamh as a bhás leo.

In ainneoin na ndeacrachtaí uilig lean an obair ar aghaidh. Thart ar thrí bliana go leith a thóg an obair uilig. I dtús na bliana 1871 bhí ceant ar an méid uirlisí nach raibh feiliúnach le n-aistriú, leagadh na stóirthe, tógadh suas na ráillí iarainn agus fágadh Céibh an Spidéil ag seasamh sa mbearna bhaoil in aghaidh tonntracha tréana an Atlantaigh. Má bhí muintir Shailearna ag ceapadh nár tógadh an chéibh san áit cheart bhí an rud céanna le rá ag muintir an Spidéil — mar gur ag Corra Bhothúna a bhí sí molta le déanamh.

Nóta:

Mo bhuíochas ó chroí don fhear geanúil Pat Choilm Ó Céidigh, Sailethúna, a roinn go fial a chuid eolais ar an tréimhse sin liom. Gura fada buan é.

Seán Ó Mainnín.



As Saile Thúna, as an Tuar Beag, as Baile an tSagairt agus as an bPáirc timpeall 1950.

Éanlaith Fiáine

I mbéal an dorais agam mé óg bhí dhá choill: ceann an taobh s'againne den abhainn agus an ceann eile ar an taobh thall. Níor bheo mise agus gasúr m'aoise gan seáirse a thabhairt ins na coillte sin. Aeraíl na hóige dár saighdeadh an uair úd. Bhíodh cineál draíocht ag baint leis ag teacht na huair bhreá tráth mbíodh an dúlra 'na dhúiseacht, an lá gafa i bhfad agus gléineacht an tsuaircis le tabhairt chun cruinnis sa ngrian, sa ngealach, sa spéir ó mhaidin go moch go camhairs an tráthnóna. Na héanlaith a raibh a dtarraingt ar mhong, ar chrann, ar aill, ar thamhnach, ar riasc, ar thom nó ar sceich taobh istigh nó taobh amuigh de na coillte úd, sin iad a mheall sinne lena nglaoch, le torann a gcuid sciathán agus le niamhracht a gcuid ceoil. Chualamar cois teallaigh faoi Úna Bhán "... a glór ba binne ná glór an éin ar chraoibh". Dúradh linn freisin "go n-imthíonn an mheánfach ó dhuine go duine mar a imthíonn an t-éinín ó bhile go bile". Bheinn ag déanamh éagóra ar an mbonnán buí muna ligfinn do Chathal Buí Mac Giolla Ghunna labhairt air:

"A Bhonnán Bhuí 'sé mo léan do luí,
Is do chnámha sínte tar éis do ghrinn;
Is ní easpa bídh ach díobháil dí
A d'fhág in do luí tú ar chúil do chinn.
Is measa liom féin ná scrios na Traoi
Tú bheith 'do luí ar leacaibh lom;
'S nach ndearnais díbh' ná dolaidh sa tír
S nár bhfearr leat fíon ná uisce poll.
Ní hiad na héanlaith atá mé ag éagnaigh
An chuach ná an traonach ná an chorr ghlas;
Ach an Bonnán Buí a bhí lán do chroí
'S gur cosúil liom féin tú i nós is i ndath.

Chuaigh an dán sin i gcionn orm agus mé i gcoláiste, ach i mo ghasúr féin dom thuigeas go raibh sciatháin mhóra thoirtíúla ar éan 'nós an bhonnán agus go raibh sciatháin freisin ar aingle Dé a d'árdódh mise agus díreabhaí eile de shíol Éabha nuair a thioctadh an glaoch abhaile orainn go Flaithis Dé. Sciatháin ar aingle an ea? Cheap péintéirí móra na hEaglaise sin ó thús na Críostáiochta anall.

Ach faoin mbonnán féin, éan cúthal é a bhfuil

méid mhór ann, dath buí air. Sa dorchadas is fearr leis a dhul ag fiach sna riascaí agus ar thamhnaigh fhliucha chois coille. É gaolmhar leis an gcorr riasc. Gheobhair ins na giodáin fhliucha chéanna iad chois abhann, shrutháin nó ar imeall coille sa bhfraoch nó ins na grasáin a mbíonn tomacha iontu. Cuir cluais ort féin ins na rútaí seo agus, i ngan fhios duit féin ag guardal thart duit, cloisfir "cú-cú" slóchtmhar na cuaiche ag déanamh di ar nead éicint nach léi féin, le ubh a bhreith inti mar nach ndéanann sí féin nead ar bith. Is ionduil go mbíonn an riabhóg mhóna, an gocamán más maith leat, nó éan na cuaiche, 'na cuideachta. Forrú i gcónaí ar an gcuaich, ní ghníonn sí nead ná ní thógann sí gearraigh. Chím uaim anois í. Shifeá gurbh é an seabhac ar a heiteal í, clúmh bán fúithi, eireaball fada, cosa agus súilí gealbhuí. Ligeadh sí glao agus sin an samhradh ar fáil, nó siúd ar an turas don Afraic í. Bhí gean ariamh ag na Gaeil uirthi:

Tá cuaichín i nGleann Néifinn
Nár fhéad mé ariamh a mhealladh,
A stóirín, tóg ón bpian mé,
'Sé do mhéin mhaith tá do mo lagadh.

Anois beag thagair mé don tseabhac. Bhí an choill údan suas uaimse, lá dá raibh, foircthe leis. Go síoraí ar an airdeall ar ghéag, ar thollán, ar chreagán, sa spéir féin dó, bhí an dúil fola sin a bhí ann dá splancadh, dá ghriogadh agus dá shaghdadh de ló agus d'óiche. An t-uana rugadh anois beag nó an mionnán nó éinín go húr as an mblaosc, rud lag éidreorach ar bith, siúd 'na mhullach é ag baint súile as. Ná ní col leis corp a strachailt ó chéile lena mhéadail a líonadh. Ní den uaisleacht éan creiche ar bith, an charóg dhubh, an fheannóg san earnáil chéanna, mar 'sé a mbuac a ngoile a shású agus fosaíocht a dhéanamh ar sin. Éisealacht — níor rugadh leo é ach bradaíl agus amplacht. I mo óige dom chuirfinn spéis ar leith sa gcor a bhíodh i sciathán na n-éan sin, an casadh tobann a ghníodh an muineál agus an ghrág gharbh a thagadh uathu. Cuirfead an fiach dubh go hard i measc na n-éan foghla. Tá toirt annsan agus doicheall dá réir. Caróg mhór bhruidiúil é an gob slíochta agus

culaith mhaiseach, dhubh air. Is minic a chonaic mé uaim é sa spéir siar ón gcoill agus bheinn faoi dhraíocht aige sa léim, sa gcasadh tobann agus san ionfairt a ghníodh sé lena cholainn. Náire níl ann agus ní raibh col ariamh air an conablach chois an bhealaigh a strachailt agus a shlogadh. Ní mé ar thuill na sagairt caint Eoghain Rua Ó Súilleabháin:

"Nuair a thioctadh an míol mór ar an Maing,
Nuair a thioctadh an Fhrainc go Sliabh Mis,
Nuair a chaillfidh na sagairt an tsaint
Is a ea thioctas an chaint don bhfiach dubh."

Ag gabháil thar Phríomhoifig an Phoist i mBaile Átha Cliath duit leag súil ar íomhá Chú Chulainn atá snoite go healaíonta. Tá an fiach dubh 'na lámha aige. Siar leat anois sa stair agus sa mbéaloideas agus inseofar duit gurbh é an fiach dubh ar ghualainnan laoiach mhóir sin a mheabhraigh dá chairde go raibh sé ar lár. Bhí an seanfhocal ann: "Brochán ó aréir é, mairg nár théigh é, ní thabharfadh an fiach dubh dá éan é ...", dúradh sin faoi ghreim gan blas gan solamar. Beathaíonn an fiach dubh a chuid gearcach i gcead dá léirfidh é seo, leis an lón a bhíonn i dtaisce 'na ghoile aige. Má bhí éin creiche ar fhód an bhaile agam nach furasta dom a shamhlú go raibh an iolar ann freisin san am a raibh coillte agus doirí go fairsing i gConamara: Cloch an Iolra, Loch an Iolra, nílid ann gan údar.

Cineál éan eile, bhíodarsan thart freisin: éin an cheoil a raibh aoihbneas orthu an binneas a bhain leo a dháil ortsa agus ar an dúlra fré chéile. I mo ghasúr dom thagadh iontas agus mearbhall orm nuair a d'fheicinn an fhuiseog ag teannadh uaim ar an turas os cionn na néalta ag portaíl ar a mine ghéir. An dath dubh úd a bhí uirthi — nó donn dob áil liom a rá — níor chuireas spéis a thuilleadh ann — cén chaoi a gcuirfinn! — an phortaíl agus an phíobaireacht ag déanamh orm anuas ó arda na spéire. Teachtaireacht dhiamharach sa gceol aoihbhinn sin dá dtiocfadh liom mé féin a fhuascailt ón ngeasa a rabhas faoi aige. Foighid ort:

"An áit úd 'nár bh aoihbhinn binn ghuth éan
Mar shámh-chruit chaoín ag caoineadh Gael,
'Sé mo chás a bheith míle míle i gcéin
Ó bhánchnoic Éireann óighe".

Ach foighid ort: siúd anuas arís í ar an tulán úd thiar, í sionaithe, sáraithe de bharr a turais ach tá

cosúlacht na caithréime sa gcraththeadh sciathán a ghníonn sí. A chónach sin uirthi!

Ó labhair mé ar cheol cá bhfágfainn an smólach. Tchífir uait sa ngairdín é nó sa móinéar nó thuas sa gcoill, a chluas le talamh aige ag súil go gcloise sé corrú na péiste nó an sprid neanta; sin nó siúd thall ar an leic é ag briseadh sliogán agus ag baint bia astu. Beadaí go maith, abair! É gléasta go faisiúnta. Cóta clúmh leathdhonn air ó ghob go eireaball siar, preabáin dhubha ar a bholg síos. Bhí cion ariamh ar an smólach agus ar a chuid ceoil. Mhol na filí é agus iad ag caint ar a gcéadsearc agus rún a gcléibh. Ní raibh oilbhéas ná fuath ag rith leis, uasal 'na bhealach agus 'na iompar. Cuir an lón dubh agus an chéirseach 'na chomhlúadar agus tá sméar mhullaigh na mbarr-cheoltóirí éan a bhí thart i Seanamhóinín agat.

An glaisneach bhíodh sé thart orainn freisin. É guagach, scéiniúil. Soláthraí díocasach, ar thamhnach agus ar mhóinéar é, ar shliabh, i gcoill nó chois abhainn. Éan luaineach atá ann a dtéann a shuíl thar a chuid. É oilbhéasach le linn séasúr an ghoir. An nádúr, abair, agus ní locht é sin.

An corr riasc, fireann nó boineann dó, tá saint agus amplacht foircthe ann. Gníonn sé sléacht ar iasc agus ar eangach. Buachaill báire bradach! Na bealaí céanna leis féin agus leis an gcailleach dhubh. Bhídís suas agus anuas ón Spidéal go Carra na gCaorach agus níos faide amach. Éanlaith dhásachtacha, thoirtíúla bhruidiúla iadsan?

Inseoidh gasúr ar bith dhuit a tógadh ar an mbaile s'againne cén sórt éan é an crotach. Cosa fada faoi. É dubh-dhonn cé is moite den ngob atá air atá bán-bhuí. An cloigeann amhlaidh freisin. Maireann sé ar chuileoga, ar luchain, ar luascáin lathaí agus ar fheithidí beaga. Is maith ann é go minic. An ruathar sin a ghníós sé ag soláthar dó do na gearraigh sa nead sin fainic ort gan teacht 'na ghaobhar. Níl sé ar a shocúl leis an duine. Údar aige, b'fhéidir, agus ná tóg sin air.

Bhí seanfhocal thiar againn "nach n-éiríonn leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal". Tá a lán gobadán agus a chineál agus a ghaolta thart ar an gcoill. Éan luaineach a dtéann a shuíl thar a chuid é. Is beag leis a bhfuil faoina ghob. An tsaint dá choipeadh agus an amplacht dá splancadh le dhul ag bradaíl ar lár eile a mbeidh brabach níos fearr ann. Faraor, tá an duine amhlaidh freisin nuair a

fhaigheann dúil sa mhaoín shaoilte gréim air. Breathnaigh ar shúil an ghabadáin. Tá a ghob agus a eireaball síos agus aníos mar bheadh maide corrach cáimín ann.

Shílfeá gur ag umhlú duit a bhíonn an fháinleog sa gcamhaoir agus le teacht an dorchadais is mó a thagann beochan ann. É go sioraí ar a mhíne ghéire. Ní fhéadfainn é a dhearmadú go deo. Is minic ar a sheáirse dó a rinne sé orm le crónachan an lae agus thob dó an tsúil a bhaint asam — nó sin a cheapas. Na sciatháin leathana scartha amach air. Sin mar a d'fheil a eiteal dó. Forrú, abair. Ní áibhéil é sin! Tógann sé an t-ál sa scioból nó ins na tomacha tiubha. Amach sa bhFómhar buaileann fíbin é agus cruinníonn sé féin agus a chéile agus a chineál i gcóir na himirce i bhfad i gcéin. Bí ag caint ar bhainis Mheiriceá! Ní hiontas liom gur scríobh an Píarsach fúthu. Tá dílseacht go feirc iontu.

Tá na tamhnaí, na móinéir, na creagáin, na cuisleanna — a bhfuil thart i mbarr an bhaile — ag preabadh le ceol agus le ceiliúr éan. Urlabhra diamharach atá anseo a chuireann ar do mharana tú, óg nó aosta duit. Na glasóga — agus tá suas le seacht ngné den chineál sin éan ann — déanann siad teanntás ar dhuine agus ar ainmhí. Iad cunórach, glórach. Gabh 'na ngoire agus déarfur gur ag magadh fút atá siad. I ngar d'uisce a bhíonn cónaí orthu. Sin é is dúchas dóibh.

Ní mhaithfí dom muna labharfainn ar 'Rí na nÉan' — an dreoilín atá i gceist agam. Nead aige sa mbun tsop — tráth raibh sin ann — nó sa dtom aitinn i ngar don scioból. Seasann an eireaball go díreach ar a cholainn bhig. Ní bheadh sé de dhánaíocht ionat an t-éinín beag seo a mhaslú. Rí beag cumasach é a dtéann an grá Dé atá greamaithe dó i gcionn orainn uilig Lá Fhéil' Stiofáin.

An spideog a bhíodh i mbéal an dorais againn is beag éan eile a rinne an oiread sin teanntáis orainn leis. Bí i do chara aige, nó ná bí, leanfaidh sé air ag cabaireacht. Ná déan an iomarca brú air mar tá sé guagach agus a bhealach féin leis. Dá ndéarfainn 'Dia dhuit' leis sílim go gcromfadh sé a cheann le hómós dom.

Bhíodh na meantáin thart ar gach uile thaobh díom is cumacén taobh a dtabharfainn m'aghaidh. Ní cineál amháin díobh atá ann ach sé nó seacht. Ní mórán airde atá iontu ach iad chomh haclaí le

creabhar, go háirid ag ithe a mbéile nuair gur mar a chéile dóibh ar a mbéal futhu dóibh nó a mhalairt. Agus an cloigeann sin atá orthu tá slacht ar leith ann, é gléasta cóirithe mar is cóir. An múinteoir a bhí agam fadó sa Spidéal, go ndéana Dia maith air, thugadh sé "cloigeann meantáin" ar ghasúr nach raibh bua na foghlamtha ann. Ní mé faoi sin? An méid meantáin a chonaic mise bhíodar breabhsach airdeallach.

Mura labhróinn ar an naosc thiocthadh taibhse an Ath. Séamus Ó Ceallaigh rómham agus na laethe a chaith mé 'na chuideachta ag foghlacaireacht dó. Éan scafánta, meabhrach an naosc, casadh agus céad san eiteal a bhíonn faoi. Nach é an trua créatúr mar é a mharú le gunna ach sé buac an fhoghlaera sin a dhéanamh. Uair ar bith dá smaoiním ar an naosc tagann an creabhar i mo cheann chomh maith. Éan teann, láidir, téagarach é seo. Gob mór fada air. Dá bhfeicfeá ag déanamh an bhealaigh idir na crainn é tráth scanraítear é. Is maith leis a dhul i bhfolach sa bhfraoch nó sa gcíb. Chonaic mé nead leis sa gcaonach ó thuaidh de bhallaí Sheáin Chuláin. Crochann sé féin agus a chéile na gearraigh leo 'na gcrúba ar uair an ghéibhinn. Tchím uaim na sciatháin dhonna agus an stríoca liath-bhán tríothu. Ní beo an foghlaera gan béile a dhéanamh de. Leag ar bord é agus beidh do oineach molta go héag.

Chonaic chuile dhuine an lacha fhiáin. Thuas ar na líonta a bhíodh sí agus amach uainn ar na locha. Cailín crua fáiscithe í i ngach ní dá ngníonn sí. Fothramán as a cuid sciathán agus í ag eitilt. Thógfadh sé do chroí do shúile a leagan ar scuaine díobh ag déanamh amach ar na locha. Treoraí rompu amach, an chuid eile dá leanacht mar bheadh rinn saighde ann. Chuirfeadh siad na géanna fiáine i gcuimhne dhuit. Ar an gcúlraíd i bhfad ón ngunna agus ó shúil creiche ar bith is fearr leo. Cloisfí cabaireacht agus siosca ansin ag snámh dóibh ar uisce nó ag ligean scíthe ar oileán. Rinneas tagairt don eala; tá fhios ag an saol cláir fúithi sin agus ní éan coimhthíoch í in áit ar bith.

Go dtéidh mé i gcuimhneod ar an liabóg leathair. Bhain sé scanra go minic asam ag teacht aníos Dhroim an Bháire dom le titim na hoíche. Leis an gcrónachan ab fhearr leis a dhul ar seilg. Nead aige i gcró nó i bhfothrach eicint. An scréach a ligeadh sé théadh sé go hanam ionam mar bheadh

sé sa mbéal ort sula bhfeicfeá é. Is mór a d'inseodh na seandaoine faoi. Níl agamsa ach cuimhne seanlinbh agus thiocthadh dó sin a dhul in aimhréidh ar amannaí. Cheapamar go raibh gaol nó coléicint idir an liabóg leathair agus an mulchán. Na bealaí céanna leo. Dá mbeadh ort a dhul amach go moch ar maidin leagfá súil ar an mhulchán ar bhalla nó ar sheanchlochar agus luch ina chrúib aige. Níl a shárú ann ar seilg luch. Nach iontach mar atá an nádúr in ann freastal ar a bhfuil cruthaithe. Má castar an t-éan seo a bhfuil cluasa bioracha air leat ná gabh amach i ndiaidh do mhullaigh ón scréach áiféiseach a chuaigh tríot go hanam. Níl mé cinnte an faoi féin nó faoin liabóg leathair a cumadh na focla seo:

"Mise máirtíneach na hola,
Leath luiche agus leath éin,
Marbhócha mise gasúir
Nó marbhócha gasúir mé".

D'fheicfinn éan beag thiar ar na portaigh. Ar sheanphortach, a bhí tréigthe le fada ag fear an

tsleáin, a ghníodh sé féin agus a chéile nead ann. An gabhlán gainimh a tugadh air. Gaol aige, a dúradh liom, leis an ngabhlán binne nach gcorraíonn ó bheanna na dteach ná na stábla. Neadaíonn sé ins na háiteacha sin agus ní chuireann sé isteach ar aon rud beo ach ar chuileoga agus damháin alla. Tá saol na n-éan lán de chuile chineál gealbhán. Is den treibh sin an dá éan atá luaite anois agam. Agus na glasóga beaga a bhíodh ag damhsa agus ag léimneach ar na móinéir agus ar na criathraigh suas uaim ar imeall abhann agus ar lár na coille. Bhíodh sean agus óg againn bodhraithe acu le méid a gcuid siosctha agus cabaireachta. Na píobáin go sioraí ar a dtáirm, "Sioc, Sioc" le gach uile chor den sciathán. Níor bheo iad gan comhlúadar. Níor chualas ariamh go raibh dochar iontu. Má chuireann a gcuid bladair biorán ort cuimhnigh gur beag cineál éan eile is flúirsí ar fud na hÉireann ná iad. An gabha dubh ceann acu agus chuirfeadh a chuid clis ar uisce nó ar bhruach alltacht ort. Snámhann sé faoi uisce má

An leabhar is fearr amuigh ar bhainisteoireacht airgid.

Tá leabhar iontach le fáil thíos san oifig logánta de Bhanc na hÉireann. Cabhróidh sé leat chun do ghnóthai airgeadais a riaradh níos éifeachtaí agus chun do chuid airgid a láimhseáil níos tairbhí, chun réamhpleanáil a dhéanamh agus chun cuntas a choimeád ar chaiteachas. Beidh sé do bhuntáiste agat airgead a bheith agat i gcónaí agus ag an am chéanna gan bheith ag dul i bhfiontar airgead a iompar timpeall leat.

Ainm an leabhair?

Seicleabhar de chuid Banc na hÉireann.



Banc na hÉireann
An banc le do linn



50 bliain ina shagart — Bronnadh an Chumann Forbartha ar an Athair Mícheál Mac Aoidh.



Buachaillí an Chnoic agus an Spidéil a chuaigh faoi láimh an Ard Easpag Breathnach le linn a bhliain deireannach ina Easpag.

tá bia thíos faoi. Níl leisce ar bith air agus é ar lorg a choda. Na héin bheaga sin tá draíocht dá gcuid féin ag rith leo. An caislín cloch mar shampla. Éan beag gleoite órbhuí ar mhaith leis seasamh ar ghéagán toim agus port a chasadh duit. Gabh thar chlaí agus leanfaidh sé thú nó siúl leat sa bhfraoch agus beidh sé 'do dhiaidh. Ní bheir aonraic 'na chomhlúadar; ceol agus "tic-tic" ag rince i do chloigeann.

Filleann gach ní beo ar a dhúchas. Má fheiceann tú an lasair choille ag gabháil an tslí, é ioldhaite ó ghob go barr, a eireaball (geal, dearg, donn, dubh, buí — sin iad na dathanna) déarfair leat féin ansin nach mbeadh aon lámh taobh amuigh de lámh an Chruthaitheora i ríocht an tseoid seo a mhúnlú agus a chur ar fáil. B'fhiú duit a bheith ag breathnú air ag piocadh síl as planda feochadáin nó as fás allta eile an ghairfin. Is maith a theánn a bhéile dó. An roinn fhiáin chois abhann, srutha nó coille, sin é áit chónaí na n-éan uilig bunáite a chonaic mise i mo ghasúr dom. An gleoiseach shléibhe d'fheicinn é ag forrú leis do sciortán i ndiaidh na mbaoití agus an greim a bhailíodh sé crochta leis aige. An fhuiseog agus an ghealóg shneachta dá thionlacan go minic, éiníní beaga a raibh an áilleacht ag roinnt leo, fonn grinn orthu leat agus súgradh, dá dtuigfeá i gceart é.

Níl luaite agam san aiste seo ach a n-beagán de na héanlaith ar lean cuimhne orthu mé aniar na blianta. Faraor chráite níl sa liosta éan a ndearnas cur síos gonta orthu anseo, ach cuid Pháidín den mheacan dá bhfuil ann. Tá daoine comhaois liomsa, a bhfuil meabhair, grinneas agus cuimhne acu, a d'fhéadfadh tuilleadh eolais a scaladh ar éanacha eile an bhaile úd thuas chois coille. Ní raibh ionamsa ach seanghasúr nuair a d'fhágas an áit. Ní dhearnas aon tagairt don gcág, don bpréachán, don tsnagbreac.

Ní chóir dom an patraisc a dhearmadú. Éan cúthail, scáfar. 'Sé a bhfuil uaidh a dhul i bhfolach ort. Údar aige, b'fhéidir, mar go mbíonn an foghlaeir go síoraí ar a thóir. Go moch ar maidin is fearr a éireodh leat é a fheiceáil. Ní fhéadfá gan suntas a thabhairt don dath glas atá air ó bharr a choiricín siar agus é dearg-dhonn faoi. É blasta ar bord. Is minic a chonaiceas an chearc fhraoigh 'na chuideachta nó fad méaróige uaidh. Na tamhnaí sléibhe is fearr léithi. Glór aici a mheallfadh tú. Í

glic sa dallamullóg a chuireann sí ar an duine. Ná tóg sin uirthi.

Críochnód leis an traonach. Cá bhfuil an té thiar agus thuas ansiúd nár chuala an ghráig gharbh atá aige. Is iomaí sin duine a chaill codladh i ngeall air. Chuir an file mar seo é

"A thraona, do mhill mo shuan
Led ghleo buan gan sos aréir,
Agat dá mbeadh sians is ceol
Níorbh fhearr led' mheon do ghlór féin.
Bhréagais tráth do leannán leat
Dod "chrec-chrec" deas thug sí grá.
Dul led dhúchas duit is dual —
Maithim duit mo shuan ar lár.

Cineál aislinge fillleadh ar laethe a óige don duine nuair a bhíonn an aois ag teannadh leis. 'Sé a fhearacht sin agamsa é sa méid atá ar phár anseo agam. Níl sé ann an té nach bhfillleann ar a dhúchas. Ná ní turas in aisce a ghnímíd ag dul siar. Téann an chuimhne ag obair agus siúd an lá inné ar ais. Oideachas do ghasúr a bhfeiceann sé, a gcluineann sé, agus na fóid a shiúlann sé orthu agus aipíonn chuile ghné díobh sin ann leis an aimsir. Ní thugaimíd leath a dhóthain moladh don tsúil ná don amharc.

Séamas Dall Mac Cuarta a scríobh na focla seo. Fág faoin dall é:

"Fáilte don éan is binne ar chraobh,
Labhras ar chaoín na dtor le gréin,
Damh-sa is fada tuirse an tsaol
Nach bhfeiceann í le teacht an fhéir.

Cluinim cé nach bhfeicim a gné
Seinnim an éin darb ainm an chuach,
Amharc uirthi i mbarr na ngéag
Mo thuisé ghéar nach mise a fuair.

Gach neach dá bhfeiceann cruth an éin,
Amharc Éireann theas agus thuaidh,
Bláth na dtulcha ar gach taoibh,
Is dóibh is aoibhinn bheith dá lua.

Mo thuisé nach bhfuairéas buaidh ar m'amharc d'fháil,
Go bhfeicinn ar uaigneas uaisle an duilliúr ag fás,
Cuid de mo ghruaim — ní ghluaisim chun cruinnithe le cách
Ag amharc na gcuach ar bhruach na coille go sámh.

Tá na héanlaith ar a socúl i dtólamh. Níl oilbhéas ná gangaid, ag suathadh an aoibhnis, ná ag lúbadh an tsonais astu. Is beag a ndóthain. An saol daonna thart orthu dá threascairt féin le amplacht a mbíonn díbheirg agus fuath ag seadú agus ag deargadh ann. Níl de thoradh ar sin ach rabharta dúr an chantail agus duifean léanmhar croí. Scaoil amach mo inchinn bhuartha go bhfaighidh sí fuarú agus suaimehneas i measc ceol na n-éan ar



Comhar Creidmheasa

Comhar Creidmheasa is ea grúpa daoine a shábháileann airgead le chéile ionas gur féidir iasachtaí airgid a thabhairt i gcóir riachtanaisí torthúla ar rátaí úis réasúnach.

Is ar bhunphrionsabail na féin-chabhrach atá gluaiseacht na gComhar Creidmheasa bunaithe agus is é atá i gceist go príomhach ná:

- (i) Cothú coigiltis i measc daoine;
- (ii) Cruthú creidmheasa dhá chéile;
- (iii) Cothú leas an phobail.

Tá gluaiseacht an Chomhar Chreidmheasa ar bun san tír seo ó 1958, nuair a tosaíodh le ballraíocht de 200 duine agus scairshealbhaíocht de £415. Sa lá atá inniu ann tá 699,000 duine agus scairshealbhaíocht de £329 milliún i 477 craobh ar fud na hÉireann.

Sa bhFómhar seo caite bunaíodh grúpa staidéir atá ionadaíoch don cheantar ón Spidéal go Ros a' Mhíl le foghlaim faoin ngluaiseacht agus breathnú isteach 'sna féidearthachtaí maidir le bunú craoibhe sa gceantar. Tá ós cionn scór duine ar an ngrúpa seo a thagann le chéile i Scoil Náisiúnta Shailearna an Chnoic gach seachtain ó shoin i leith.

Tá ag éirí go maith leis an ngrúpa ó thaobh foghlaim na ndindiúirí ar fad atá ag baint le reachtáil Comhar Creidmheasa. Táthar ag súil le

chiumhais na coille craobhaí nó ar bhrúach an easa. Cuirfidh ceiliúr ón bhfúiseog ag ardú ins na spéartha di na Flaithis i gcúimhne dom agus beidh an t-aoibhneas siorraí agus síocháin Mhic Dé ag lonnú i m'anam agus dá choigilt san áras niamhrach úd thuas atá buanmharthanach.

An tAthair Máirtín Ó Loideáin O.C.D.

craobh nua a bheith cláraithe go hoifigiúil go luath ach ar ndóigh braitheann sé seo go hiomlán ar thacaíocht agus comhoibriú an phobail go léir. De réir a chéile beidh an chraobh nua ag tosnú ag bailiú airgid isteach chun ciste a bheith ann le iarrataisí ar iasachtaí a shásamh amach anseo.

Beidh an chraobh nua seo daonlathach go huile agus go hiomlán agus faoi stiúir na mbaill. Beidh furmhór na hoibre ar bhonn deonach agus is ar an gcaoi seo gur féidir na rátaí úis ar iasachtaí a choinneáil go réasúnta íseal.

Is féidir leat iarratas a dheánamh ar bhallraíocht sa gComhar Chreidmheasa má tá tú os cionn 16 bliana d'aois. Cosnaíonn lán-bhallraíocht £1 agus ní mór duit scair a cheannacht sa gComhar Creidmheasa ar £1 eile.

Ar ndóigh bheadh súil freisin go mbeadh gach ball gníomhach ar bhealaí eile agus cuid de na bealaí is fearr le é sin a dhéanamh ná, tré airgead a choigilt go rialta, agus páirt a ghlacadh in imeachtaí na craoibhe.

Faoi an am seo arís tá súil againn go mbeidh an Comhar Creidmheasa áitiúil i mbarr a réime agus ag tógáil an tseanfhocail, "Níl neart gan cur le chéile" mar cheacht, éireoidh go maith linn.

Club Óige Lurgan

Príomh-imeachtaí 1985/86:

- Craobh Leadóg Bhoird an Chomhchoiste.
- Forbairt an Údaráis — dara háit.
- Scoraíocht — Craobh Chonamara.
- Scoraíocht san Oireachtas — Craobh na hÉireann
- Cur amach páipéar míosúil.
- Glanadh na Reilige.
- Eagrú Lá Spóirt don Scoil Náisiúnta.
- Tionól Ógras i mBaile Átha Cliath.
- Suirbhé ar staid na Gaeilge sa pharóiste.
- Páirteach ar chlár raidió *Poparama*.
- Páirteach ar dhá chlár ar Raidió na Gaeltachta.
- Leathchraobh Dhíospóireachtaí an Oireachtais '86.
- Suirbhé faoi chláracha Gaeilge ar an teilifís.
- Bailiú ainmneacha na ngarrantaí.
- Craobh Phúl Chonamara.
- Tráth na gCeist Raidió na Gaeltachta.
- Cabhrú leis an Díolachán Earraí.
- Trí phríomhdhuais i gComórtas chumtha amhrán an Údaráis.

Is féidir le muintir an pharóiste seo bheith fíormhórtasach as an slua breá daoine óga atá páirteach i gClub Óige Lurgan. Aon duine a thiocfadh isteach sa chlub Aoine ar bith, d'fheicfidís an bealach éifeachtach ina n-eagraíonn na daoine óga féin, baill an choiste agus eile, na cluichí éagsúla ag tús na hoíche, na córais a oibríonn siad i gcaoi is go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag gach ball, óg is aosta, sna himeachtaí éagsúla agus an bealach ina gcuidíonn chuile dhuine nuair atá na boird agus an trealamh le stóráil agus an halla le glanadh ag deireadh na hoíche.

Coinníonn ball den choiste rolla gach oíche agus bailítear 20p ó gach ball. Tugann an t-airgead seo deis don choiste íoc as an ghnáth-chaitheas reachtála.

Tharla an coiste bheith luaite is cóir a rá go raibh coiste sár-mhaith ag an gclub arís sa mbliain 1985/86 agus gur oibrigh siad go dian agus go héifeachtach. D'éirigh leo go leor duaiseanna a bhaint amach chomh maith. Ní hé go bhfuiltear ag tabhairt le tuiscint go bhfuil sé an-riachtanach bheith ag gnóthachtáil i gcónaí ach go bhfuil sé an-

tábhachtach bheith páirteach; is cuid d'fhorbairt an duine óige bheith páirteach i gcluichí, i scoraíochtaí, i ndíospóireachtaí, i bpleanáil, i scríbhneoireacht agus níl aon amhras ach go dtugann comórtas an-spreagadh chun iarracht bhreise a dhéanamh. Ach, le fírinne, nach maith linn uilig gnóthachtáil agus cén dochar an fhad is go bhfuilimid sásta glacadh le breith an mholtóra, fiú nuair a théann sé inár gcoinne.

Nach deas bheith in ann a thuairisciú go bhfuair an club an chéad áit in Oireachtas 1986 lena scoraíocht "Seanchas na Sceithe".

Bhí an moltóir an-tógtha leis, go háirithe le haisteoireacht, ceoltóireacht, fonnadóireacht agus le héifeacht na foirne. Ba bheag gné den taispeántas a luaigh sé gan focail mar "ar fheabhas" agus "thar barr" a cheangal ledis. Is iad a bhí páirteach sa scoraíocht: Brian Ó Donnchadha mar Raifterí an File, Gormla Ní Thuairisc mar an Sceach, Dara Ó Baoill mar Oisín, Seán Ó Coistealbha mar Phádraig Naofa, Gearóidí Ní Chonghaile mar aithriseoir, Cóilín Ó Scolaí mar ghuth Raifterí, Rónán Ó hEidhin mar Phádraig Mac Piarais, Mairéad Ní Thuathail agus Christine Ní Chonchubhair ag damhsa, Mícheál Ó Fátharta mar cheoltóir, Conal Ó Murchú mar fhear grinn agus Aoife agus Ríonach Ní Scolaí, Caroline Ní Thuairisc agus Pádraigín Ní Phuirséil mar chantóirí.

Ach tá an Club Óige ann do chuile dhuine óg agus déantar gach iarracht deiseanna forbartha agus foghlama a chur ar fáil do chuile dhuine a bhfuil suim aige nó aici ann, bíodh siad páirteach i gcomórtais nó ná bíodh. Tá deis peil faoi dhíon a imirt; tá dhá bhord púl againn, ceithre bhord leadóige, *swing-ball*, peil bhoird, ficheall, táipéis, agus ar ndóigh cócaireacht, ár siopa agus ealaín.

Roghnaíonn na baill coiste chuile bhliain agus is iadsan a riarann an club. Is iad seo a bhí ar an gcoiste don bhliain 85/86: Cathaoirleach: Dara Ó Baoill, Rúnaí: Seán Ó Coistealbha, Cisteoir: Maria Ní Fátharta, agus Aoife Ní Scolaí, Christine Ní Chonchubhair, Caitlín Ní Chualáin,

Conall Ó Murchú, Máire Ní Phuirséil, Cólín Ó Scolaí, Ríonach Ní Scolaí, Máire Ní Thuathail agus Micheál Ó Fátharta.

Tá ceannairí sinsearach ann le tacaíocht a thabhairt: Ruairí Ó Tuairisc, Betí Uí Bhaoill, Rós Uí Dhonnchadha, Siobhán Uí Chonghaile agus Brian Ó Baoill. Bíonn ceathrar den chúigear sin ann chuile oíche Aoine agus bíonn duine amháin nó duine eile acu in éineacht le grúpa ar bith ón gclub nuair a bhíonn siad ag taisteal.

Ba mhaith leis an gcoiste a chur in iúl go gcuirfí míle fáilte roimh thuismitheoirí oíche Aoine ar bith dá mba mhian leo cuairt a thabhairt ar an gclub i gColáiste Lurgan agus bheadh an-fháilte roimh chúnamh uathu. Tá an coiste fíor-bhuíoch

do Phól Ó Foighil as úsáid an Choláiste a chur ar fáil dóibh.

Níor mhiste a lua go bhfuil cúpla riail ag an gclub agus bheadh an coiste an-bhuíoch do thuismitheoirí a thabharfadh tacaíocht do na rialacha sin. Ní cheadaítear caitheamh tobac ná alcól agus cothaítear néatacht agus glaineacht. Cothaítear dea-chaint agus dea-bhéasa agus cothrom na Féinne do chuile dhuine. Is í an Ghaeilge teanga an Chlub, ar ndóigh.

Tá súil ag na ceannairí fásta go mbeidh dea-chuimhní den tréimhse a chaitheann sé nó sí sa Chlub ag chuile ógánach, agus go gcabhróidh an méid a dhéanann siad ann leo sa saol mór nuair a thagann an t-am chuige.

Bíodh do rogha agat as

CEIRNÍNÍ GAEL-LINN

BRUACH NA BEIRTRÍ

Seán Mac Donnchadha agus Máirtín Ó Cualáin.

Ocht gcinn d'amhráin ar an sean nós ón bhfonnadóir a ghnóthaigh 'Corn an Riadaigh' in Oireachtas '85. Ceithre dréachta ceoil ó Mháirtín Ó Cualáin, ceoltóir bosca.

CEF/CEFC 117

OMÓS DO JOE COOLEY

Frankie Gavin & Paul Brock le Charlie Lennon.

"Omós curtha in iúl ar bhealach ar leith".

Ciarán Mac Mathúna.

CEF/CEFC 115

MNÁ NA hÉIREANN

Macalla

Ceolfhoireann ildánach ban a sheineann réimse uirlísí agus a bhfuil sár amhránaithe ina measc.

"... tá muid i gcomhlúadar daoine ar ábhar lucháire dóibh ceol a chasadh."

Bill Meek, Irish Times.

CEF/CEFC 110

DEORA AN DEORAÍ

Charlie Lennon le Síle Ní Fhlaithearta, Frankie Gavin agus Liam Ó Floinn.

Togha ceirnín a thaispeánann gur cumadóir

maith le hais a bheith ina shárcheoltóir tradisiúnta é Charlie Lennon.

CEF/CEFC 112

I gCNOC NA GRAÍ

Noel Hill & Tony MacMahon.

"Ceirnín críochnúil den scoth..."

Peadar Ó Riada

CEF/CEFC 114

SIN MAR A BHÍONN

Na Firéin

Racghrúpa cumasach ag canadh a gcuid amhrán féin.

"Fíoramhráin a léiríonn fiormhothúcháin... níl aon chur i gcéil ag baint leo."

Donall Lunny

CEF/CEFC 116

Catalóg iomlán ó:

GAEL-LINN,

26, Cearnóg Mhuirfean,

Baile Átha Cliath 2.

Tel: (01) 767283.

Mo Shaol san Afraic Theas

Le dhá bhliain anuas bhí mé ag déanamh obair dheonach i Durban san Afraic Theas mar bhall den eagrais *Viatores Christi*. Cuireann an t-eagrais seo oiliúint ar fáil do dhaoine gur mian leo oibriú mar mhisinéirí tuata i measc daoine bochta.

Bhí mé ag obair i ndílleachtlanndóir den chine daite. Ba mhná rialta den Ord Naomh Aibhistín a bhí ag breathú i ndiaidh na ngasúr seo agus bhí timpeall céad buachaill faoina gcúram ó aois a ceathair go bliain is fiche. Chomh maith le dílleachtaí bíonn buachaillí ann a fhaigheann drochíde sa mbaile nó nach bhfuil a gcuid tuismitheoirí in ann an aire cheart a thabhairt dóibh. Tá formhór a gcuid tuismitheoirí scartha ó chéile agus ní minic aithne acu ar a gcuid aithreacha.

Tá an dílleachtlanndóir roinnte suas i rannóga beaga. Bhí mise i gceannas gasúir idir a deich agus a ceithre bliana déag d'aois. Sén chaoi a raibh mé ag cabhrú leo le cur ar a gcumas a dhul i dtaithí ar an saol i dtimpeallacht dhifriúil. Bhí mé mar chúntóir oideachais acu freisin — bhínn ag cuidiú leo nuair a bhídís ag plé le hobair bhaile. Ní foláir cúnaimh breise a thabhairt do ghasúir lagintinneacha nó gasúir nach bhfuil ró-chliste.

Thosaínn ag obair ag a 6.00 a chlog ar maidin agus chríochnaínn ag a 7.00 a chlog sa tráthnóna nó ag a 9.00 a chlog féin ach bhí cúpla uair a chloig saor agam i rith an lae an fhad is a bhí na buachaillí ar scoil. Cé nach raibh an obair an-dian, mar sin féin níor mhór neart foighne agus cineáltas a bheith ag duine ann. Bíonn saol an-chorrach ag na buachaillí sula gcuirtear faoi choimirce na mban rialta iad, agus dá bharr sin teastaíonn a lán aire, grá agus tuisceana uathu.

Fuair mé seans freisin Teagasc Críostaí a mhúineadh do scoláirí na hArdcoile sa pharóiste, á réiteach le dul faoi lámh easpaig. Tá spiorad iontach sa bparóiste. Tá an pobal an-chairdiúil agus glacann siad páirt an-mhór in imeachtaí an pharóiste. Sí Afrikaans teanga oifigiúil na tíre ach labhraítear Béarla go forleathan.

Tá daonra thart ar 30 milliún san Afraic Theas. Is daoine den chine dubh 25 mhilliún acusan agus is

daoine bána, daite agus Indiaigh an 5 mhilliún eile. Bíonn ar na ciníocha éagsúla maireachtáil ina gceantair féin. Is meascán de chiníocha éagsúla iad an cine daite. Bhí cónaí ormsa i gceantar an chine seo agus ní raibh aon doicheall acu romham riamh. Is daoine cairdiúla, mórchroíocha, foighdeacha, spóirtiúla iad agus ar bhealaigh tá an-mheas acu ar an duine geal. Fulaingíonn siad go leor cruatain, áfach, de thoradh dífhostaíochta, droch-thithíochta, bochtanaís agus galair.

Tá go leor treibheanna san Afraic Theas. Sí an treibh Zulu an treibh is treise i réigiún Natal. Tá siad ar fheabhas ag canadh agus ag damhsa agus tá an-cháil ar an obair a dhéanann siad le clocha ornáideacha. Is iondúil go mbíonn níos mó ná bean chéile amháin ag na fir. Maireann siad i dtithe beaga cruinne le hurláir déanta de mheascáin aoileach bó agus créafóige. Tá na tithe beaga seo tógtha i mullach a chéile agus is minic nach mbíonn córas leictreachais nó uisce iontu. Tugtar *townships* ar na háiteanna ar imeall na gcathracha ina mbíonn siad lonnaithe. Tá córas maireachtála na Zulu níos boichte ná córas aon chine eile sa tír. Saothraíonn a bhformhór a mbeatha ar an obair is suaraí amuigh, m.sh., oibríonn siad mar shearbhóntaí, garraíodóirí, glantóirí sráide agus rí. Is minic a d'fheicfeá na mná ar an tsráid ag iompar ualaí móra ar a gcloigeann agus ag an am céanna bheadh páiste ceangailte ar a ndroim. Chuir mé an-iontas anseo nuair a chuaigh mé amach ar dtús — ní fheicfeá riamh an t-ualach ag titim orthu.

Tá 13% den talamh ag na daoine dubha ach sé an chuid is measa den talamh é. Mar gheall ar an bpolasaí aistrithe pobal atá ag an Rialtas ansin is minic a dhíshealbhaítear na daoine dubha óna gcuid teallaigh agus a athshocraítear iad in áiteanna eile i bhfad ó bhaile.

Is aeráid teochreasa is mó atá sa tír, bíonn an aimsir go breá an chuid is mó den bhliain agus ní bhíonn ach timpeall is mí amháin báistí acu.

Tá Durban cois farraige agus is ionad saoire an-cháiliúil é. Is mór an áilleacht na tránna breátha atá ann ach, faraor, tá go leor acu curtha in áirithe do na daoine geala amháin. Is iomaí uair a fógraíodh orm féin agus ar mo chomhghleacaithe na buachaillí a bhí faoinár gcúram a thógáil amach as an uisce agus muid ar cheann de na tránna



Foireann na Minna. Sraith chomórtas sa Ghairmscoil. An bhfuil a fhios agat cén bhliain?



Sean Scoil an Chnoic. An aithníonn tú iad?

'geala'. Seo sampla amháin den chóras dlí atá i bhfeidhm san Afraic Theas — dlithe atá an-éifeachtach chun na ciníocha éagsúla a choinneáil deighilte ó chéile. Ní fheictear na ciníocha ag meascadh le chéile mórán agus chuirte an-suim ionamsa nuair a bhínn amuigh ar an tsráid leis na buachaillí a bhí faoi mo chúram. Bhíodh orainn taisteal ar bhusanna a bhí leagtha amach do na ciníocha daite mar ní raibh cead ag na gasúir taisteal ar bhusanna na ndaoine geala.

Is aoibhinn go deo na radhairc áille atá le feiceáil mór-thimpeall na tíre agus tá an tír an-saibhir in acmhainní nádúrtha freisin. Is tubaisteach an ní é go bhfuil tír chomh hálainn millte ag polasaithe na cinedeighilte atá i réim inti. Déantar an-éagóir go deo ar dhaoine de bharr na bpolasaithe seo. Tá méadú mór tagtha ar an bhforéigean polaitíochta le blianta beaga anuas go háirithe ó cuireadh an staid éigeandála i bhfeidhm. Is cosúil go leanfaidh an chíríib ar aghaidh go gcuirfear críoch leis an gcóras mídhleathach, mídhaoimne seo. Tá súil agam go dtreoróidh Dia muintir na hAfraice Theas chun síochán, cothrom na féinne, saoirse, agus cearta sibhialta a bhaint amach.

NEANTÓGA

Seoladh mac
ar aonach lá
'Cé gur dubhradh
leis giorrán
a cheannach
d'fhill abhaile
le stail.

Ceanglaíodh
an t-ainmhí bocht
le stumpa crainn
bailíodh
neantóga géar
is cromadh
ar chuimilt
a bhoilg
anuas soir agus siar.

Fágadh an capall
ar deire

ina ghiorrán
céasta fiáin
Is díoladh
thur baile amach
le gamall
gan fios ná ciall,
Céad faraoir a dhuine
nach féidir neantóg
a thabhairt don saol.

Ruaidhrí Ó Tuathail

TULACH A' LEATHAIR

Dúbhradh go mba shoiléar iad
ar Thulach A' Leathair ag rince
Thart ar thine mór cnámha
A facthas ón mbaile thíos.

Ghread chuile dhuine abhaile
Is cuireadh na gasúir a luí
Craitheadh díneach go fial
'Is cromadh ar phaidir na hoíche.

Níor chualathas ariamh a leithéid de cheol
Ag teacht ó úirlisí sidhe
Níor mhair ariamh an duine a thuig
An mangarae canadh is caoi.

Amach píosa fada sa ló
Shnág an slua leo suas
Is an áit ba chóir bheith dóite
Ní raibh ann ach féar glas is drúcht.

Nach ait gur mhair a gcuimhne
Nuair nár tuigeadh fonn nó port
Nuair nach feasach dúinn a n-ainm
Dream gan anam ná corp.

An dream a chonaic an oíche úd,
Is minic i ndearmad iad faraoir
Ach slua an cheoil 's an rince
Beo beithíoch sna scéalta sidhe.

Ruaidhrí Ó Tuathail

ILCHRUTHACH

Is corr éisc mé
in uisce liath
tráthnóna
ar aon chos
róite.
Ullamh le himeacht
trom-eití
spéir, uisce,
féar fuar dóite
crua-chleití.
Ilchruthach
deacair machnaimh
ar nós splainc solais
séadán tharm
cuilithín
anois ann
imithe ar ball

ÁTH LUAIN

Nuair a fheicim plásóg féir
Ina global ag páipéar
Bruscar-lán, boscaí stáin
Plaistic bán ar dhroim chanáil.
Agus smaoiním siar seal
Ar an sliabh faoi ghiobal
Pléascann fearg gan smacht,
A dhream a mhill a áilleacht.

Brian Ó Baoill

COINNEAL

Siúd thall sa bhfuinneog í
A cuid gruaige trí thine,
Is lochrann solais ina timpeall
i lár na hoíche dorchá.

Ag teannadh dom níos gaire di,
Mo shrón in aghaidh na fuinneog, e,
Scuabtar chun siúil an dorchadas,
is nochtaítear dom an rún.

Coinneal chéireach ba bhunúdar leis.
A buacais faoi bharr lasrach,
Rillíní céire ag sileadh ar a cóta bán.

Anois tá sí ina cnap,
Ar shile na fuinneog, e,
Deora móra brónacha 'silte lena taobh,
Níl ina comhlúadar ach an coinneoir práis.

Seamus Ó hEidhin, (Bliain 1)

GRÁ

Mo dhíomú dhuit a Aireagáin Nua pleastaigh
Nach ndúnann do chlab ariamh
Le do tic-tac ghránna strambanach
A rud leadránach . . .
Ar aghaidh leat go tuathalach
Is mullach do chinn fút.
T'án ghráin shaolach agam ort,
Is tú is cúis le m'éirí ar maidin . . .
Is tú a ghríosaigh cogadh cathardha
Is ainrial i'm chroí.
Athru meoin is casadh intinne
Géill!! . . . nó tá do chnaipe déanta
Go maithe Dia dhom é, is do mo leithéid
Ní mé atá ann níos mó
ach íomhá ghruama, casta de mo phearsantacht.

Rónán Ó hEidhin (Ard Teist 1)

OÍCHE SHAMHNA

Oíche Shamhna na dtaibhsí,
Oíche Shamhna na gcleas,
Cluichí, féasta agus sceidíní,
Sceilp agus greann.

Nach deas mar a théann páistí,
Ó dhoras go doras ag tnúth
Le milseáin, úll nó cnónna,
Nó le 50p nó níos lú.

Spórt mór ag an líon tí
Nuair a ghearrann Mamaí an braic,
Is nuair a gheobhfann páiste an fáinne,
Is ansin a bhíonn an chraic.

Cailleach na scuabe bíonn cruagach,
Cuireann inti páistí suim,
Téann siad a' luí go luath,
Ar eagla go bhfaighfeadh ortha greim.

Pádraic Ó Donnchadha,
S.N. Cholm Cille,
An Tulach.

Aois: 7.

BRIONGLÓIDÍ

Oíche amháin bhí brionglóid ag Cáit,
Bhí sí in ann eitilt sa spéir,
Bhí sí ag eitilt ó áit go háit,
Ag féachaint síos orainn go léir.

D'eitil sí thar Muir Éireann,
Is thall chuig an Bhreatain Bheag,
Bhí na daoine go léir amuigh ann,
Ag breathnú ar an gcailín beag.

Go tobann cailleadh a sciathán,
Bhí eagla ar an gcailín beag,
Bhí sí ag dul i dtreo an locháin,
Ní bheadh ag titim ansin ró-bhog.

Thosaigh sí ag screadadh,
Rith an chlann go léir lena taobh,
Fuair sí amach go raibh sí ina leaba,
Ní raibh ann ach brionglóidí.

Muireann Nic Fheorais,
S.N. Cholm Cille,
An Tulach.

Aois: 12.

TÁ NA SAIGHDIÚIRÍ AG DUL ANONN

Tá na páipéir á saighneáil agus na saighdiúirí ag dul
anonn,
Tá dromadóirí aoibhinn aerach ag clainne
Gaedheal ag gabháil go Tír na Long,
Dá mbeadh agam, is duit a bhéarfainn céad is dá
mhíle bó,
Ar chúnntar thú bheith t'fhéirín liom go Contae
Mhaigh Eo.

Agus ag luigh dom san oíche gním osna a bhíonn
mór,
Ag éirigh dhom ar maidin sí mo pháidir ná deor,
Tá gruaig mo chinn ag titim dhíom agus ag imeacht
mar an gceó,
Is le cumha do dhiaidh a mhúirnín ní bheidh mé i
bhfad beo.

Nuair a éirím amach go huaigneach agus a
fhéachaim uaim ar an genoc úd thall,
Bím smaoineadh ar mo chúilín dualach a d'fhág an
chrúa-arrainn thrí mo lár,
Tá mo chroí istigh ina leaca ghual dubh is fear mo
thruaigh níl ach rí na ngrást,
Agus céibí cailín óg a bhéarfus uaim thú, go síntear
suas í gconradh chláir.

Tá a fhios ag Dia dílis gur iomaí smaoineamh cru
deacrach
Ag dul trasna trí mo chroí istigh mar gheall ortsa le
fada,
Dhá mbeadh bliain ar fad san oíche, is leat ba
mhian í a chaithfidh,
Agus díomá na naomh dhuit má ghní tú mo
mhalairt.

Tá mo stocaí is mo bhróga strócaí liom síos,
Tá mo nua chulaith phósta mo bhrón ghéar le
sníomh,
Tá gíní i dteach an ósta orm is níor ól mé ariamh
pingin,
Ach mo léan a mhíle stóirín gan mé is tú óg seal
arís.

Díleacht bocht cráite mé, a fágadh faoi leath trom,
Agus dá mbeadh mo chlú táruigthe, cér chás dom
a bheith folamh,
Ach níl aon fhear in Éirinn a dhéanfadh éagóir ar
mo shamhail,
Nár dheacair dhó a leas a dhéanamh ná dhul in aon
chor do na flaithis.

AN SRUTHÁN

Tá Sruthán mar theorainn
In aice mo thí,
Ag sileadh le fánaidh
De ló is d'oích'.

Ag brath ar na séasúr
Bíonn sé ag at is ag trámh,
Ach leis an dá bhliain seo caite
Tá go síorraí thar maoil.

Tá monúr deas ciúin
Ag an uisce donn-bhuí,
Ag ritheacht ón bportach
Ón bhfraoch is ón gcíob.

Ar phlásóigín féar-ghlas
Ansiúd lena thaobh,
Is maith liom a bheith ag breathnú
Ar an ngrian ag dul faoi.

Is minic a smaoiním
Ansiúd is mé i mo shuí,
Gurbh úd é an ceol céanna
A chuala Sean-Mhaitias.

Tagann cuairteoir beag eile
I ndeireadh gach lae,
Go foighdeach ar leath-chois
Sin í an chorr-éisc.

'Sé an Sruthán seo an teorainn
Idir Casla agus Doire Né,
Tá síoraíocht ag baint
Le mo Shrutháin deas fhéin.

**Bairbre Nic Con Iomaire,
Scoil Cholm Cille,
Ros a' Mhíl.**

IN UAIGNEAS SLÉIBHE

le Máirtín Ó Curraidhin

In uaigneas sléibhe, is mé bheith im aonar
I mo shuí liom féin ar chúl na mbeanna
Gan neach beo bheith teacht im ghaobhar
Ach ceol na n-éan is iad go binn ag cantain.

B'fhearr liom féin é ná saibhreas céadtach
Ná i gcathair sna réigiúin i bhfad ó bhaile
Gan gleo ná scléip bheith ag teacht im thimpeall,
Ach machtnamh géar a'm ghá dhéanamh in
m'aighe.

Na locha glégeal faoi uisce gléglan
Ina suí le chéile leis an tsíoraíocht fhada,
Nach deas an radharc iad le éirí gréine
Na héin sna spéartha go moch ag cantain.

An fraoch go tiúbh ann ar thaobh an tsléibhe,
Na Beanna Beola annsiúd i m'amharc
An sionnach cliste mar is garda tréan é,
B'fhuil árus déanta aige i dtaobh na haille.

Tá an gírrfhiadh faiteach ann is é bocléimnigh,
'Sa chluas le héisteacht go géar a' faire
A' seachaint namhaid atá sa tóir go géar air
Mar sin é 'théathra ó thús gach ama.

B'fhearr liom cinnte in uaigneas sléibhe
Ná taisteal Éireann ar bhóthar 's ar bhealach,
Ná i mbailte móra an domhain fré chéile
Is gan de léargas a'm ach ceo 'gus deannach.

Tá an domhan seo iontuigthe i ndeire an chéid seo,
Tá na spéartha annsiúd lán le scamail,
Ach de réir ráiteas na n-údar leigheannta,
Gur cogadh tréan atá ann a' bagairt.

Tá na náisiúin, san domhan fré chéile,
A' bascadh 'chéile gan tru' ná taise
Nach olc é an duine, an té smaoiníodh géar air
'Gus Eaglais Dé ann a' treorú an bhealaigh.

Na Ríoghachtaí móra le cumhachtaí tréana,
Le torann 's séideadh ó oíche go maidin
Na náisiúin daoine ag 'ul trí na chéile
Labhairt in éinfheacht i bhfuaim gach teangan.

B'fhearr liom cinnte bheith in uaigneas sléibhe
Ná i dtíortha éagsúil i bhfad ó bhaile
I bhfad ó mo mhuintir is ó na teaghlaigh Ghaelach
Is mo chairde fhéin a bhí ar scoil liom tamall.

An cineál saoil sin, mar b'ait liom fhéin é,
Ó chuadhas in éifeacht ó bheith im leanbh
Sé an cineál saoil sin a bheinnse 'éileamh,
Ná gluaisteáin is traein atá go síor a' taisteal.

Sin é chugaí' é anois fios mo thréathra,
An cineál saoil sin mar atá mé 'aithris
Ach b'ait liom deoch a bheith a'm in aimsir féile
I measc cáirde séanmhar i dteach an leanna.

An Aithníonn Tú Iad?

*Níor iompair siad doicheall ná leisce.
Níor éiligh siad cúnamh ón Stát
Mhair siad go bródúil 'is go suaimhneach
Bhí cothú in allas a gcnámh. (J.S. 4-3-87)*



*Is iomaí fear léannta a shuígh síos ann,
Is a d'foghlaím ón gcomhluadar slí,
Chun aoibhneas a bhaint as rud simplí,
Mar gur saibhreas é sláinte agus saol.*

(J.S. 4-3-87)

*Tógadh an pictiúr ag cró Mhaitiú, ar an gCnocán
Glas i 1945.*

*Chun tosaigh: Tom Sheámuis Uí Chadhain,
Máirtín Beag Ó Cadhain, Máirín Mháirtín Ned
Mháire, Maitiú Sheáin Gabha.
Ar cúl: Máire Learaí Ned Pheadair, Taimín
Thomáis, Baba Sheáin Uí Chadhain.*

AN BÁRDAL

le Cóil Larry

Anois teacht don Nollaig nach mise atá cráite
Ó marbhuigheadh mo bhárdal tá cnoc ar mo chroí,
Tháinig an chailleach mar chuaifeach lá Márta,
Nó gur chuir sí an sean charr úd trasna ar a druim.

Tá mé dhá chaoine agus beidh go lá an bhráitheach
Mar aireoidhar san Márta nuair a bhéas na h-álta
ag dul síos,
Níor fhacas aon ghlogar ariamh i ndiaidh an
bhárdail
Is diabhal sean bhean san áit nach mbíodh ag
trácht ar a bhreed.

Dhá bhliain go leith go díreach a bhí an bárdal
Ní fhéadfainn ar pháipéar a bhreághacht a chuir
síos,
Bhí an culaith ba deise is í chomh gléinneach le
scathán air
Bhíodh a cheann crochta in áirde chomh mórdha le
Rí.

Chruinnigh na comharsannaí ag caoine mo
bhárdail
Iad ag damáil ar an gcarr is ar an tsean chailleach
bhuí,
Dúirt sean Bhríd bharr an bhaile nuair a bhí ag
déanamh ar an mbárdal
Gur chuir sí a cois síos go clár agus gur árdaiigh sí
speed.

Mo dhiomú don chailleach is nár fheice Dia ina
gheárd í
Nuair a chonaic sí an bárdal nár laghdaigh sí an
speed,
Tá mise bánaí mar gheall ar an slaughter
Nuair a thioctas an mártá ní bheidh ubh le cur síos.

Beidh faobach ar lachain ag tóraíocht an bhárdail
Na línte dhá mbreith agus gan ceann le cur síos,
Ag imeacht ag sumáil is iad ag sgreadach go cráite
Beidh siad gan clann gan máta gan spraoi.

San Earrach seo caite tháinig bean ón Department
Ag ceannacht an bhárdail le go bhfuigheadh siad
an breed,

Thairig sí leath chéad ar aon séasúr amháin dom
Ach ní scarainn an lá sin leis dhá bhfuighinn céad
giní buí.

D'imigh sí diombhuch agus gan í leath sásta,
Nuair nach ndíolfainn an bárdal bhí cnoc ar a croí,
Bheadh aige an Record i leabhair mhór na n-álta
Is ainm go hálainn scríoba i leitreachaí buí.

An rud a b'iontaí faoin mbárdal níor chlis ceann
amháin uaidh
Nuair a bhíodh an aimsir seo slánaí nach iad a
bhíodh binn,
Níor tháinig ubh as tóin lacha dár shíolruigh ón
mbárdal
Nach mbíodh cúpla ins gach ceann díobh agus
sgaití trí cinn.

I gcónaí san Earrach bhíodh an garraí seo lán agam
Le gach cineál lachain anoir is aniar,
Dhá mbeadh sin is oiread eile ag teacht go dtí an
bárdal
Ní raibh badar na ngrást air i mbeadh ann díobh a
riar.

Deich sgilleacha an Hire a bhíodh agamsa ar an
mbárdal
Cé go bhféadfainn é árdú dhá mba liomsa ba
mhian,
Ach le imeacht níos saoire bheadh "demand" i
bhfad níos fearr air,
Is le sean mhná na h-áite níor mhaith leat a bheith
dian.

Nuair a chastaí na lachain isteach ag an mbárdal
Thosaíodh sé ag grágáil agus theigheadh sé ina
ndiaidh,
Thart timpeall an gharraí le fonn éirí anáirde
Ach nuair a choisfinnse an fás leis stopadh an fiach.

Níl maith dom bheith ag caint níos mó anois faoin
mbárdal
Ach aireófar san áit é is tá an-chaitheamh ina
dhiaidh,
Ach cuireadh i dtalamh é is caoineadh go hárđ é,
Agus fágfadh mo dhiomú ag an tsean chailleach
liath.

Céad Fáilte!

Gemma Ní Chonchubhair, Teach Mór
Pádraig Pól Ó Loideáin, Coill Rua
Ciarán Ó Dúbháin, Coill Rua.
Brid Ní Chualáin, Saile Thúna.
Emer Ní Laoire, Coill Rua.
Máire Áine Ní Chonaire, Cor na Rón Lár.
Aodán Ó Fionnagáin, Teach Mór.
Síle Máire Ní Thuathail, Coill Rua.
Niall Mac Diarmada, Lochán Beag.
Cathal Ó Conghaile, An Cnoc.
Pól Seán Ó Loideáin, Saile Thúna.
Aoife Ní Fhainnín, Cré Dhubh.
Ailbhe Ní Ghiolla Bhríde, Lochán Beag.
Aisling Ní Thuairisc, Lochán Beag.
Labhrás Ó Loideáin, Saile Thúna.
Colm Ó Cualáin, Coill Rua.
Liam Ó Domhnalláin, An Cnoc.
Sharon Ní Chonghaile, Bothúna.
Tomás Ó Cualáin, Bóthar Buí.
Tomás Ó Conaire, Lochán Beag.
Louise Ní Ghríofa, Cor na Rón.
Seanán Ó Conghaile, Púirín.
Seán Ó Coisdealbha, Coill Rua Thiar.
Stiofán Ó Conghaile, Cré Dhubh.
Sorcha Ní Ráighne, Coill Rua.
Gearóid Ó Máille, Aille.
Nicola Ní Churraoin, Cnocán Glas.
Martina Ní Thuathail, Aille.
Leona Ní Chéidigh, Aille.
Diarmuid Ó Conchúir, Cnocán Glas.
Sharon Ní Chearra, Saile Thúna.
Antoine Ó Conghaile, Bothúna.
Rita Ní Loingsigh, Cor na Rón.
Éanna Ó Conghaile, Aille.
Siobhán Ní Mhaoláin, Coill Rua.
Dónall Ó Ráighne, Coill Rua Thiar.
Franc Denvir, Aille.
Caoimhín Ó Neachtain, Aille.
Seosamh Ó hIarnáin, Saile Thúna.
Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Coill Rua.
Féilim Mac an Iomaire, Bóthar Buí.
Pól Ó Foighil, An Cnoc.
Cathal Mac Donncha, Aille.

Clíodhna De Paor, Lochán Beag.
Síle Ní Scanláin, Teach Mór.
Áine M. Ní Chonghaile, Cathair.
Damien Mac Diarmada, Lochán Beag.
Caroline Ní Dhonncha, Cor na Rón.
Emer Ní Ghríofa, Cor na Rón Lár.
Elaine Ní Chadhain, Púirín.
Diarmuid Ó Tuairisc, Lochán Beag.
Sharon Ní Chonaire, Cor na Rón.
Ciarán Seoighe, Aille.
Maria Ní Bheolláin, Seanamhóinín.
Eilís Ní Chonghaile, An Cnoc.
Eoghan Ó Coisdealbha, Aille.
Gearóid Ó Fatharta, Aille.
Noel Mac Donncha, Cré Dhubh.
Gráinne Ní Ghriallais, Cré Dhubh.
Jacqueline Ní Lochlainn, Seanaghurraín.
Máirtín Mac Giolla Chlaoin, Cor na Rón.
Máire Eibhlín Ní Chéidigh, Aille.
Pádraig agus Seán Mac Giolla Bhríde, Lochán
Beag.
Sinéad Ní Fhatharta, Aille.
Caitríona Breathnach, Cathair.
Éamonn Ó Máirtín, Cnocán Glas.
Seosamh Ó Conaire, Lochán Beag.
Séamus Ó Curraoin, Cnocán Glas.
Máire Caitríona Ní Churraoin, Coill Rua Thoir.
Méadhbh Ní Fhoighil, An Cnoc.
Bairbre Ní Churraoin, Cnocán Glas.
Eamonn Ó Céide, Saile Thúna.
Aoife Ní Chorrduibh, Lochán Beag.
Sinéad Ní Thuairisc, Lochán Beag.
Siobhán Ní Thuairisc, Lochán Beag.
Síofra Ní Thuairisc, Lochán Beag.
Máirtín Ó Neachtain, Púirín.
Gearóid Ó Tuathail, Aille.
Seán Ó Ceannabháin, Púirín.
Séamus Ó Coincheanainn, Saile Thúna.
Treasa Ní Chonaire, Cor na Rón Lár.
Tomás Ó Conghaile, Cré Dhubh.
Ciarán Ó Conghaile, An Cnoc.
Aoife Ní Neachtain, Seanamhóinín.

Go maire siad a nuaíocht

Séan Ó Donncha, Árainn agus Caitlín G. Ní Mhaoileoin, Cor na Rón Thiar.

Pádraig De Paor, An Clochán agus Cecelia Ní Thuairisc, Lochán Beag.

Niall Ó Ceallaigh, Baile Átha Cliath agus Máire Ní Chonghaile, An Cnoc.

Dermot Ó Néill, Baile Átha Cliath agus Cáit Ní Churraoin, Cré Dhubh.

Seán Ó Flatharta, Gort agus Áine Treasa Ní Mháille, Cor na Rón Lár.

Eoin Ó Cadhain, Cnoc agus Cáit Ní Shúilleabháin, Bóthar Buí.

Seosamh Ó Beoláin, Coill Rua agus Clár Ní Riagáin, Seanamhóinín.

Seosamh Ó Curraoin, Cill Chiaráin agus Bríd Ní Chualáin, Teach Mór.

Séamus Mac an Rí, Aille agus Seosaimhín Ní Mhuirí, Lochán Beag.

Colm Ó Donncha, Cill Éinne, Árainn agus Mairéad Ní Mhaoileoin, Cor na Rón.

Pádraig C. Ó Cadhain, Caorán agus Eibhlín Ní Bheolláin, Coill Rua.

John Carr, Corrandulla agus Nóirín Ní Chadhain, Teach Mór.

Gearóid Ó Griallais, Ros Muc agus Máire Ní Chearra, Teach Mór.


35. Seán Ó Curraoin, Cré Dhubh 4-5-1985
36. Máire Breathnach, Coill Rua 14-5-1985
37. Micheál Breathnach, Bóthar Buí 18-5-1985
38. Máirtín Ó Fatharta, Teach Mór 26-5-1985
39. Seosamh Clancy, Teach Mór 9-7-1985
40. Pádraic Ó Conaire, Cor na Rón 13-7-1985
41. Máirtín Ó Fatharta, Aille 18-7-1985
42. Stiofán Mac Donncha, Buaile Uisce 31-7-1985
43. Mairéad Ní Chonghaile, Saile Thúna 19-9-1985
44. Máirtín Ó Loideáin, Seanamhóinín 3-11-1985
45. Peadar Ó Máille, Cor na Rón Thoir 20-11-1985
46. Pádraic Mac Fhlanncha, Cathair 29-12-1985
47. Máire Bean Uí Máille, Cor na Rón Lár 3-1-1986
48. Seán Ó Tuathaigh, Cor na Rón 1-2-1986
49. Pádraic Ó Cearra, Lochán Beag 9-2-1986
50. Mairéad Ní Churraoin, Cré Dhubh 13-2-1986
51. Beartla Ó Ráighne, Coill Rua 1-3-1986
52. Colmán Ó Conghaile, Cathair 9-3-1986
53. Cáit Ní Chualáin, Teach Mór 31-3-1986
54. Tomás Ó Donncha, Indreabhán 7-4-1986
55. Máire Bean Uí Bhiadha, An Cnoc 30-5-1986
56. Marcus Ó Cualáin, Coill Rua 10-6-1986

57. Seán Ó Conghaile, Coill Rua 4-7-1986
58. Máirtín Ó Cualáin (Jack), Lochán Beag 10-7-1986
59. Sorchá Ní Fhatharta, Coill Rua 15-7-1986
60. Seosamh Ó Conghaile, Cré Dhubh 24-7-1986
61. Bríd Breathnach, Cor na Rón Thiar 22-8-1986
62. Bríd Ní Churraoin, Cnocán Glas 15-9-1986
63. Sorchá Ní Ghríofa, Cor na Rón Lár 2-10-1986
64. Pádraig Ó Flaithearta, Cré Dhubh 11-10-1986
65. Máirtín Ó Féinneadha, Saile Thúna 16-10-1986
66. Colm Ó Loideáin, Coill Rua 2-12-1986
67. Cáit Bean Uí Fhatharta, Cor na Rón Lár 3-12-1986
68. Seán Ó Coincheanainn, Púirín 15-12-1986
69. Colmán Ó Coisdealbha, Cor na Rón Lár 20-12-1986
70. Micheál Ó Cearra, Clochar na gCon 27-12-1986
71. Caitlín Bean Uí Chonghaile, Coill Rua 28-12-1986
72. Nóra Bean Uí Fhatharta, Na hAille 23-1-1987

Ar dheis Dé go raibh siad.

Tá siad imithe ar shlí na Fírinne

- | | |
|--|--|
| 1. Pádraig Ó Conghaile, An Cnoc. 6-2-1984 | 20. Bríd Ní Chualáin, Cor na Rón 2-10-1984 |
| 2. Máirtín Ó Féinneadha, Tuar Beag 17-2-1984 | 21. Máire Bean Uí Chonghaile, Aille 13-10-1984 |
| 3. Bríd Bn. Uí Fhatharta, Na hAille 21-2-1984 | 22. Cáit Bean Uí Chualáin, Buaile Uisce 20-10-1984 |
| 4. Máirtín Ó Conghaile, Púirín 24-3-1984 | 23. Seán Ó Conghaile, Cathair 27-10-1984 |
| 5. Seosamh Ó Fhatharta, Lochán Beag 26-3-1984 | 24. Pádraig Ó Ciardha, O.S., Na hAille 11-11-1984 |
| 6. Colm Ó Tuathail, Leithrinn 31-3-1984 | 25. Mairéad Bn. Uí Choincheanainn, Cor na Rón 23-11-1984 |
| 7. Frances Ní Loideáin, Cor na Rón Lár 5-4-1984 | 26. Bríd Bean Uí Chonghaile, Coill Rua 17-12-1984 |
| 8. Cáit Nic Dhonncha, Buaile Uisce 7-4-1984 | 27. Peadar Ó Cualáin, Buaile Uisce 10-1-1985 |
| 9. Máirtín Ó Cualáin, Cor na Rón 10-4-1984 | 28. Nóra Bean Uí Fhlatharta, Cré Dhubh 1-2-1985 |
| 10. Colm Ó Cualáin, Indreabhán 10-4-1984 | 29. Tomás Ó Conghaile, Cor na Rón 21-2-1985 |
| 11. Bríd Bean Uí Churraoin, Saile Thúna 21-4-1984 | 30. Micheál Ó Fatharta, O.S., Na hAille 22-2-1985 |
| 12. Máire Ní Fhatharta, Lochán Beag 24-4-1984 | 31. Nóra Ní Fhéinneadha, Tuar Beag 24-2-1985 |
| 13. Seán Mac Giolla Easpuig, An Cnoc 28-4-1984 | 32. Áine Bn. Uí Fhlatharta, Cor na Rón Thoir 2-3-1985 |
| 14. Pádraig Ó Cualáin, Cor na Rón Thiar 3-5-1984 | 33. Cáit Bean Bhreathnach, Coill Rua 3-3-1985 |
| 15. Bríd Ní Loideáin, Bothúna 9-5-1984 | 34. Pádraic Mac Diarmada, Lochán Beag 27-3-1985 |
| 16. Tadhg Ó Conghaile, Cnoc 23-5-1984 | |
| 17. Máirtín Ó Fatharta, Clochar na gCon 3-6-1984 | |
| 18. Máire Ní Loideáin, Púirín 3-7-1984 | |
| 19. Micheál Ó Cualáin (Stiofán), Cor na Rón 1-9-1984 | |





ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Déanann Údarás na Gaeltachta cúram d'fhorbairt na Gaeltachta trí fhostaíocht fhiúntach a chruthú, trí ghníomhaíochtaí forbartha pobail, trí thacaíocht do naíonraí Gaeltachta agus clubanna Óige agus trí scéimeanna ilchineálacha eile a bhfuil de bheathas leo saol phobal na Gaeltachta a iomlánú.

*Déanaimid comhgháirdeachas le Cumann Forbartha Chois Fharraige.
Go maire sibh an céad!*

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA
AG OBAIR CHUN LEASA NA GAELTACHTA**